# Tuarascáil Bhliantúil
## 2012/2013

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Éire.

Uimh. Ghutháin +353 1 651 7900

Ríomhphost info@teachingcouncil.ie

**www.teachingcouncil.ie**

# Tuarascáil Bhliantúil
2012/2013

An Chomhairle
Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Réamhrá



**Micheál Ó Gríofa**
*Cathaoirleach na Comhairle Múinteoireachta*

A Chairde,

Leagtar amach sa tuarascáil seo an obair a rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta idir an 28 Márta 2012 agus an 27 Márta 2013, an chéad bhliain iomlán de théarma oifige an tríú Comhairle. Tugtar fianaise ann ar an dul chun cinn atá déanta ag an gComhairle ó thaobh a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, ar cuspóirí iad atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach 2012-2014 ('*Ré Nua don Ghairmiúlacht: Fás, Forbairt agus Foghlaim, 2012–2014*'). Is cúis mhór áthais dom a bheith in ann a thuairisciú go ndearnadh roinnt beart an-tábhachtach le linn na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo ó thaobh rialáil faoi stiúir gairmithe a chur chun cinn do ghairm na múinteoireachta.

Ba bhreá liom buíochas a ghabháil leis an Aire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn T.D., as tacú le hobair na Comhairle trína gheallúint go gcuirfear tús le feidhm Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 níos déanaí i mbliana. Tá Alt 30, lena gcuirtear de cheanglas ar mhúinteoirí a fhaigheann tuarastal atá íoctha ag an Stát clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, ag croílár an obair a dhéanann an Chomhairle chun gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil.

De réir an dlí, ní mór do gach múinteoir a bheith cláraithe, trí Alt 30, sular féidir tús a chur leis an bhfeidhm reachtúil de chuid na Comhairle a bhaineann le himscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi mhúinteoirí, ar a dtugtar Feidhmiúlacht chun Múineadh. Dá bhrí sin, trí thús a chur le feidhm Alt 30, beidh sé níos éasca Feidhmiúlacht chun Múineadh a thabhairt isteach.

Fágfaidh Feidhmiúlacht chun Múineadh, go mbeidh sé de chumhacht ag comhlacht reachtúil, den chéad uair, gearáin a dhéantar faoi iompar múinteora a imscrúdú. Is céim ríthábhachtach í sin sa phróiseas a bhaineann le gairmiúlacht na múinteoireachta a chur chun cinn, agus cuirfidh sé le stádas agus cáil na gairme.

Le linn na bliana tuairiscithe, chinn an Chomhairle go ndéanfar an táille athnuachana clárúcháin a laghdú ó €90 go €65 ó mhí Eanáir 2013 ar aghaidh. Rinneadh an cinneadh sin i bhfianaise an bharrachais atá carntha ag an gComhairle mar gheall ar an moill ar thús a chur le feidhm roinnt dár gcuid feidhmeanna reachtúla.

Is cuid ríthábhachtach d'obair na Comhairle seo í teagmháil a dhéanamh le múinteoirí agus dul i gcomhairle leo. Táim an-sásta leis an iarracht ollmhór atá déanta ag an gComhairle le linn na bliana tuairiscithe seo chun feabhas a chur ar a gníomhaíochtaí cumarsáide agus chun comhairliúchán a dhéanamh le lucht na gairme. Le bliain anuas, thapaigh mé

an deis labhairt le líon mór comhpháirtithe oideachais de chuid na Comhairle, lena n-áirítear institiúidí ardoideachais, ceardchumainn múinteoirí, comhlachtaí bainistíochta, comhairlí tuismitheoirí, agus múinteoirí. Ba bhreá liom aitheantas a thabhairt don dua agus don dúthracht atá caite acu leis an obair chun feabhsuithe agus barrfheabhas a chur chun cinn i gcóras oideachais na hÉireann.

Teastaíonn uaim buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí eile na Comhairle as gníomhú go dian díograiseach chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Is freagracht thábhachtach í comhaltas den Chomhairle Mhúinteoireachta. Ní mór do chomhaltaí na Comhairle múinteoirí a threorú ar an aistear chun rialáil na gairme a bhaint amach, agus is mór an t-ualach oibre a bhíonn i gceist leis an obair sin.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le bliain anuas ó thaobh plean straitéiseach na Comhairle a chur chun cinn. Tá bliain spreagúil amach romhainn agus tá sé thar a bheith tábhachtach go gcoinneoimid orainn ag obair chun go gcuirfear tús le feidhmeanna uile na Comhairle.

Ó ceapadh é ina Stiúrthóir ar an gComhairle i mí na Bealtaine 2012, tá Tomás Ó Ruairc ag gníomhú go fuinniúil, dinimiciúil ar son na Comhairle agus ba bhreá liom mo bhuíochas a ghabháil leis as an tiomantas atá léirithe aige agus é ag cabhrú leis an gComhairle clár dúshlánach oibre a chur i gcrích.

Táim an-bhuíoch freisin den bhainistíocht agus d'fhoireann na Comhairle as an tiomantas atá léirithe acu, agus as an tsár-obair atá déanta acu. Táim ag tnúth go mór le leanúint orm ag obair leo sa bhliain amach romhainn agus an Chomhairle ag gníomhú chun gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil ar mhaithe le foghlaimeoirí.

Ar deireadh, ba bhreá leis an gComhairle aiseolas a fháil ó chomhaltaí den ghairm, ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara eile faoin obair atá idir lámha againn. Más mian leat aon aiseolas a thabhairt dúinn faoin tuarascáil seo, déan é a sheoladh ar ríomhphost chuig communications@teachingcouncil.ie.

Mo mhíle buíochas leo go léir.



**Micheál Ó Gríofa**
*Cathaoirleach*

***"Is cúis mhór áthais dom a bheith in ann a thuairisciú go ndearnadh roinnt beart an-tábhachtach le linn na tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo ó thaobh rialáil faoi stiúir gairmithe a chur chun cinn do ghairm na múinteoireachta."***

# Tuairisc ón Stiúrthóir



**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir na Comhairle Múinteoireachta*

Is cúis mhór áthais dom a bheith in ann tuairisc a thabhairt ar roinnt forbairtí tábhachtacha a tharla le linn na bliana tuairiscithe 2012/2013, ar forbairtí iad a chuireann go mór le hobair na Comhairle Múinteoireachta chun gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil.

Is é an gharsprioc is suntasaí a baineadh amach i rith na bliana tuairiscithe i ndáil le gairmiúlacht agus rialáil ghairm na múinteoireachta ná gur fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, go gcuirfear tús le feidhm Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, sa chéad bhliain tuairiscithe eile. Ón 1 Samhain 2013 ar aghaidh, beidh ar gach múinteoir in Éirinn a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun bheith i dteideal tuarastal atá íoctha ag an Stát a fháil.

Teastaíonn uaim aitheantas a thabhairt don chur chuige comhpháirtíochta a d'úsáid an Roinn Oideachais agus Scileanna, na Coistí Gairmoideachais, dá ngairtear Boird Oideachais agus Oiliúna anois, agus an Chomhairle Mhúinteoireachta. Cuireadh taifid na Roinne agus na gCoistí Gairmoideachais i gcomparáid le taifid na Comhairle chun líon na múinteoirí ar dealraitheach ina leith nach bhfuil iarratas ar chlárú déanta acu go fóill agus gur cheart teagmháil dhíreach a dhéanamh leo a aithint.

D'fhoilsigh an Chomhairle an dara heagrán dá *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* le linn na bliana tuairiscithe, a cuireadh in ionad an chéad eagráin den Chód, a foilsíodh sa bhliain 2007. Forbraíodh an Cód ar bhonn próiseas comhairliúcháin le múinteoirí agus le páirtithe eile a bhfuil leas acu san oideachas. Mar gheall ar stádas dlí an Chóid, seoladh cóip de chuig gach múinteoir cláraithe chun a chinntiú go mbeadh deis ag gach aon mhúinteoir an doiciméad a léamh.

Tá an Chomhairle freagrach as caighdeáin arda in oideachas múinteoirí a chur chun cinn agus a chinntiú, d'fhonn a chinntiú go n-éireoidh le hoideachas múinteoirí múinteoirí a ullmhú atá in ann déileáil leis na dúshláin atá amach rompu, agus ar foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil iad, á n-oiriúnú féin ar feadh a ngairmréime chun go mbeidh ar a gcumas tacú le foghlaim na mac léinn atá faoina gcúram. Le linn na bliana tuairiscithe, cuireadh tús leis an gcéad bhabhta d'athbhreithnithe na Comhairle ar na cláir leathnaithe, athchoincheapaithe d'oideachas tosaigh múinteoirí.

Rinneadh roinnt athruithe tábhachtacha i ndáil le hoideachas tosaigh múinteoirí le linn na bliana tuairiscithe chomh maith, lena n-áirítear treoirlínte maidir le socrúcháin scoile a ghlacadh agus beartas maidir le socrúchán feabhsaithe sa Ghaeltacht a ghlacadh. Rinneadh roinnt clár d'oideachas tosaigh múinteoirí don earnáil bhreisoideachais a chreidiúnú, rud a fhágann go bhfuil sé chlár ann atá creidiúnaithe don earnáil seo anois.

I mí Mheán Fómhair 2012 cuireadh tús le feidhmeanna na Comhairle maidir le hionduchtú agus promhadh múinteoirí nua-cháilithe. Ó shin in leith, tá an Chomhairle tar éis dul i gcomhairle le raon páirtithe leasmhara faoina beartas sa réimse seo. Áirítear air sin na moltaí atá á ndéanamh faoin gceannteideal *Droichead*, scéim phíolótach a nglacfaidh scoileanna páirt inti ar bhonn roghnach.

Tá *Droichead* bunaithe ar na luachanna a bhaineann le rialáil faoi stiúir gairmithe, comhfhreagracht ghairmiúil agus cómhuinín ghairmiúil. Is í sprioc an chláir phíolótaigh seo an taithí iarcháilíochta a fhaigheann múinteoirí nua-cháilithe i scoileanna a chothabháil agus a fheabhsú ar shlí a chuirfidh feabhas ar cháilíocht na múinteoireachta agus na foghlama do gach aon mhac léinn. Tá san áireamh sa scéim seo tréimhse nuálach de chleachtadh gairmiúil a dhéanann múinteoirí nua-cháilithe i scoileanna, ar lena linn a gcuireann comhghleacaithe dá gcuid a bhfuil níos mó taithí acu fáilte rompu mar ghairmithe nua. Trí pháirt a ghlacadh sa chlár píolótach, cuirfidh scoileanna rannpháirteacha ar chumas na gairme an córas nua ionduchtúcháin a mbeidh promhadh mar thoradh air a mhúnlú. Tugann an scéim phíolótach deis don ghairm tionchar níos mó a imirt ar fhorbairt rialáil atá faoi stiúir gairmithe ar mhaithe leis na mic léinn atá faoina gcúram agus ar mhaithe leis an bpobal.

Is ar mhaithe le leas an phobail a dhéantar gairm ar bith a rialáil. Bhí muinín ag pobal na hÉireann as múinteoirí i gcónaí, agus cuireann rialáil ar chumas na gairme an mhuinín sin a chothabháil agus mhéadú. Leagann rialáil faoi stiúir gairmithe an fhreagracht as rialáil múinteoirí ar an ngairm féin, i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile. Is iad cur i bhfeidhm rathúil *Droichead* agus Feidhmiúlacht chun Múineadh dhá cheann de na bearta is tábhachtaí atá le cur i gcrích chun rialáil faoi stiúir gairmithe a bhaint amach.

I dteannta rialáil na gairme, tá sé de fhreagracht ar an gComhairle gairm na múinteoireachta a chur chun cinn. Le linn na bliana tuairiscithe, d'óstáil an Chomhairle léacht chun Lá Domhanda na Múinteoirí a chomóradh agus tá obair ullmhúcháin ar bun faoi láthair le haghaidh FÉILTE, an Fhéile Oideachais um Barrfheabhas Foghlama agus Teagaisc. Ba chúis áthais don Chomhairle a bheith in ann comhdháil d'oideoirí múinteoirí a óstáil mar chuid de chlár na hÉireann d'Uachtaránacht AE.

Rinne an Chomhairle sár-iarracht i rith na bliana chun a gníomhaíochtaí cumarsáide a fheabhsú agus a shruthlíniú, ag léiriú an fhreagracht atá uirthi a róil agus a freagrachtaí a shainiú go soiléir agus a mhíniú do gach páirtí leasmhar, agus a mhéid a dteastaíonn uaithi tacaíocht a fháil don obair a bhíonn

> ***"Tá Droichead bunaithe ar na luachanna a bhaineann le rialáil faoi stiúir gairmithe, comhfhreagracht ghairmiúil agus cómhuinín ghairmiúil."***

idir lámha aici chun gairm na múinteoireachta a rialáil agus a chur chun cinn ar mhaithe leis an bpobal.

Phostáil an Chomhairle dhá fhíseán ar a suíomh gréasáin i rith na bliana tuairiscithe chun cabhrú léi aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le teagmháil dhíreach a dhéanamh le gach múinteoir cláraithe agus gach múinteoir faoi oiliúint. Baineann an chéad cheann, a seoladh i mí na Samhna 2012, le ról na Comhairle agus bhí sé bunaithe ar aiseolas a fuarthas ó mhúinteoirí faoin teagmháil a bhí acu leis an gComhairle. Seoladh an dara ceann i mí Eanáir 2013, agus tá an t-eolas uile ann faoi chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta a bhíonn ag teastáil ó mhúinteoirí faoi oiliúint. Chuir an Chomhairle tús le sraith cruinnithe um rannpháirteachas páirtithe leasmhara a chur chun cinn chomh maith, d'fhonn feabhas a chur ar rannpháirteachas réamhghníomhach na bpáirtithe sin sa phlé arna dhéanamh ar raon saincheisteanna éagsúla.

I mí Mheán Fómhair 2012, d'fhoilsigh an Chomhairle an chéad ríomhiris (nuachtlitir leictreonach a scaiptear ar ríomhphost) dá cuid a bhí leagtha amach ar bhealach nua. Dearadh an ríomhiris chun go mbeadh sí éasca le léamh agus chun cur ar chumas na Comhairle nuacht faoina cuid oibre a sheoladh go díreach chuig múinteoirí cláraithe.

Tá sé cuí go bhfuil an tuarascáil seo á heisiúint ag deireadh mo chéad bhliana mar Stiúrthóir na Comhairle. Agus athbhreithniú á dhéanamh agam ar ghníomhaíochtaí na Comhairle le linn na tréimhse sin, thapaigh mé an deis seasamh siar agus machnamh a dhéanamh ar chuspóir agus ar luach na hoibre seo. Tugann luachanna cosúil le rialáil faoi stiúir gairmithe, comhfhreagracht ghairmiúil agus cómhuinín ghairmiúil treoir don obair a dhéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta thar ceann ghairm na múinteoireachta agus ar mhaithe le leas an phobail. Aithnítear leis na luachanna sin an mhuinín atá ag an bpobal as an ngairm le fada an lá. Ina theannta sin, tugann siad deis stairiúil do mhúinteoirí atá ag obair faoi láthair comhoibriú le múinteoirí ón am atá thart agus teacht chun bheith ina múinteoirí don todhchaí, i gcomhar lena chéile. Ar an dóigh sin, is é aidhm croíluachanna na Comhairle múinteoirí a spreagadh agus tacú leo agus iad ag iarraidh a chinntiú go mbeidh na heispéiris foghlama is fearr is féidir ag leanaí agus ag daoine óga na tíre seo.

Ba bhreá liom buíochas a ghabháil leis na múinteoirí uile ar bhuail mé leo le bliain anuas as a macántacht agus a ngairmiúlacht, as an bhfíorspéis a léirigh siad in obair na Comhairle agus as an bpáirt ghníomhach a ghlac siad san obair sin. Sna blianta amach romhainn, teastaíonn ón gComhairle comhrá gairmiúil macánta a dhéanamh le múinteoirí chun forbairt beartais a threorú, d'fhonn a chinntiú go dtabharfar aird chuí ann ar fhíor-chomhthéacs laethúil na múinteoireachta agus na foghlama.

Mar fhocal scoir, ba bhreá liom mo bhuíochas a ghabháil le Cathaoirleach na Comhairle, Micheál Ó Gríofa, agus le comhaltaí na Comhairle, as an tacaíocht a chuir siad ar fáil dom le bliain anuas, agus ba mhian liom foireann na Comhairle a mholadh as a dtiomantas agus as a ngairmiúlacht.



**Tomás Ó Ruairc**
*An Stiúrthóir*

# Clár Ábhar


**1. Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta**

1.1 Róil agus Feidhmeanna ... 10
1.2 Fís ... 10
1.3 Ráiteas Misin ... 10
1.4 Comhaltas den Chomhairle Mhúinteoireachta ... 10
1.5 Struchtúr bainistíochta agus eagraíochtúil ... 13

**2. Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach ... 14**

**3. An Ghairm a rialáil**

3.1 An Clár a chothabháil ... 16
3.2 Staidreamh clárúcháin ... 16
3.3 Alt 30 ... 18
3.4 Duine a chur leis an gClár ... 19
3.5 Fianaise ar charachtar ... 19
3.6 An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, 2012 ... 20
3.7 Clárú a athnuachan ... 20
3.8 Táille athnuachana clárúcháin ... 20
3.9 Rochtain ar fhaisnéis ar an gClár ... 21

**4. Caighdeáin iompair agus chleachtais ghairmiúil a chothabháil**

4.1 Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí ... 22
4.2 Gearáin a imscrúdú ... 23

**5. Oideachas múinteoirí**

5.1 Oideachas tosaigh múinteoirí ... 24
5.2 Caighdeáin iontrála ... 24
5.3 Dul isteach san earnáil bhreisoideachais ... 25
5.4 Athbhreithniú agus creidiúnú ... 25
5.5 Socrúchán scoile ... 26
5.6 Socrúchán sa Ghaeltacht ... 27
5.7 Ionduchtú agus promhadh ... 28
5.8 Taighde ... 28

**6. Gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus cumarsáid**

6.1 Caidreamh leis na meáin ... 30
6.2 Lá Domhanda na Múinteoirí ... 30
6.3 Comhdháil d'Uachtaránacht AE ... 31
6.4 Cuairteanna ar institiúidí ardoideachais agus comhdhálacha múinteoirí ... 31
6.5 Daoine Teagmhála de chuid na Comhairle Múinteoireachta ... 32
6.6 Foilseacháin ... 32
6.7 Cumarsáid ar líne ... 32

6.8 Ríomhiris na Comhairle Múinteoireachta 33
6.9 Ríomhphoist faisnéise 33
6.10 Idirchaidreamh le comhpháirtithe oideachais 34
6.11 Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí 34
6.12 An Ghaeilge 34
6.13 Seirbhís do chustaiméirí 34

**7. Eagraíocht éifeachtúil éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil**

7.1 Tús curtha le téarma an tríú Comhairle 36
7.2 An Stiúrthóir a cheapadh 36
7.3 Struchtúr na gcoistí 37
7.4 Rialachas corparáideach 37
7.5 Acmhainní daonna 38
7.6 Airgeadas 38
7.7 Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide 39
7.8 Sláinte agus sábháilteacht 39

**Aguisíní**

1 Ráitis Airgeadais 40
2 Comhaltaí den Chomhairle Mhúinteoireachta 62
3 Coistí, painéil, meithleacha agus grúpaí comhairleacha 64
4 Costais chomhaltaí na Comhairle, 2012 74

**Táblaí**

1 Dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach 14
2 Staidreamh clárúcháin do na blianta tuairiscithe 2010-2013 17
3 Clárúcháin nua de réir na hearnála oideachais do na blianta tuairiscithe 2010-2013 18
4 Struchtúr Choistí na Comhairle Múinteoireachta 37

# Cuid 1

## Eolas faoin gComhairle Mhúinteoireachta

### 1.1 Róil agus Feidhmeanna

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí an Mhárta 2006.

Go ginearálta, is iad feidhmeanna na Comhairle:

- gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil
- caighdeáin teagaisc, eolais, oilteachta agus inniúlachta a chothabháil agus a fheabhsú
- clár múinteoirí a bhunú agus a chothabháil
- Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a bhunú, a fhoilsiú, a athbhreithniú agus a chothabháil, a mbeidh caighdeáin teagaisc, eolais, oilteachta agus inniúlachta san áireamh iontu
- forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí a chur chun cinn.

### 1.2 Fís

Déantar cur síos sa ráiteas físe ar uaillmhian tríd is tríd na Comhairle Múinteoireachta:

**Tús a chur le ré nua ghairmiúlachta sa mhúinteoireacht.**

### 1.3 Ráiteas Misin

Mínítear sa ráiteas misin an cuspóir atá againn, mar aon le heolas fúinn, faoina ndéanaimid agus faoi na daoine a bhfónaimid dóibh.

**Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta an mhúinteoireacht a rialáil agus an ghairmiúlacht a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail.**

- Scaoilimid múinteoirí isteach sa ghairm trína gclárú.
- Socraímid caighdeáin i ndáil le hoideachas múinteoirí ag gach céim de ghairmréim an mhúinteora.
- Leagaimid síos caighdeáin i ndáil le hinniúlacht ghairmiúil agus iompar gairmiúil.
- Déanaimid imscrúdú ar ghearáin a dhéantar faoi mhúinteoirí cláraithe.

### 1.4 Comhaltas den Chomhairle Mhúinteoireachta

Tá 37 gcomhalta ar an gComhairle Mhúinteoireachta agus tá san áireamh iontu:

- 11 mhúinteoir bunscoile, naonúr atá tofa agus beirt atá ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí
- 11 mhúinteoir iar-bunscoile, seachtar atá tofa agus ceathrar atá ainmnithe ag ceardchumainn múinteoirí
- beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal bunscoile agus beirt ag leibhéal iar-bhunscoile)

— beirt atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal bunscoile agus duine amháin ag leibhéal iar-bhunscoile) agus
— cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU).

Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, 37 gcomhalta chun na Comhairle Múinteoireachta ag searmanas i mBaile Átha Cliath an 28 Márta 2012.

Is iad seo a leanas comhaltaí na Comhairle:

| Ainm an Chomhalta | Comhlacht ainmniúcháin/toghlach inar toghadh é nó í |
|---|---|
| **Micheál Ó Gríofa** (Cathaoirleach) | Tofa, Baile Átha Cliath, Bunleibhéal |
| **Dympna Mulkerrins** | Tofa, Baile Átha Cliath, Bunleibhéal |
| **Eimear Cole** | Tofa, Baile Átha Cliath, Bunleibhéal |
| **Bríd Ní Raghallaigh** | Tofa, Connacht/Uladh, Bunleibhéal |
| **John Conlon** | Tofa, Connacht/Uladh, Bunleibhéal |
| **Kathleen O'Connor** | Tofa, Laighean, Bunleibhéal |
| **Milo Walsh** | Tofa, Laighean, Bunleibhéal |
| **Derbhile de Paor** | Tofa, An Mhumhain, Bunleibhéal |
| **Diarmuid Ó Murchú** | Tofa, An Mhumhain, Bunleibhéal |
| **Kieran Christie** | Tofa, Éire, Iar-bhunleibhéal, Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha |
| **Marie Humphries** | Tofa, Laighean, Iar-bhunleibhéal, Coiste Gairmoideachais |
| **Fergal McCarthy** | Tofa, Connacht/An Mhumhain/Uladh, Iar-bhunleibhéal, Coiste Gairmoideachais |
| **Bernadine O'Sullivan** | Tofa, Laighean, Iar-bhunleibhéal, Scoileanna Deonacha |
| **Christopher Maginn** | Tofa, Laighean, Iar-bhunleibhéal, Scoileanna Deonacha |
| **Lily Cronin** | Tofa, Connacht/An Mhumhain/Uladh, Iar-bhunleibhéal, Scoileanna Deonacha |
| **Noel Buckley** | Tofa, Connacht/An Mhumhain/Uladh, Iar-bhunleibhéal, Scoileanna Deonacha |

*"Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta an mhúinteoireacht a rialáil agus an ghairmiúlacht a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail"*

| Ainm an Chomhalta | Comhlacht ainmniúcháin/toghlach inar toghadh é nó í |
|---|---|
| Anne McElduff | INTO |
| Declan Kelleher | INTO |
| Michael Barry | ASTI |
| Elaine Devlin | ASTI |
| Bernie Ruane | TUI |
| Michael Gillespie | TUI |
| An tOll. Michael Hayes | Coláistí Oideachais |
| Marie McLoughlin | Coláistí Oideachais |
| An Dr Andrew McGrady | Ollscoileanna agus Coláistí Tríú Leibhéal Ainmnithe |
| An Dr Joe O'Hara | Ollscoileanna agus Coláistí Tríú Leibhéal Ainmnithe |
| Eileen Flynn | Bainistíocht Scoile, Bunleibhéal |
| An Dr Ken Fennelly | Bainistíocht Scoile, Bunleibhéal |
| Joan Russell | Bainistíocht Scoile, Iar-Bhunleibhéal |
| Patrick McVicar | Bainistíocht Scoile, Iar-Bhunleibhéal |
| Áine Lynch | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal) |
| Eleanor Petrie | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-Bhunleibhéal) |
| An Dr Marie Clarke | Comhdháil na gCeardchumann |
| Frank Turpin | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| An Dr Seán Rowland | Ceaptha ag an Aire |
| Brendan McCabe | Ceaptha ag an Aire |
| An Dr Deirdre Mathews | Ceaptha ag an Aire |

### 1.5 Struchtúr bainistíochta agus eagraíochtúil

Tugann feidhmeannacht ar a bhfuil 32 bhall foirne, agus atá faoi stiúir foireann bainistíochta shinsearach, tacaíocht d'obair na Comhairle Múinteoireachta.

## Bainistíocht na Comhairle agus Struchtúr na hEagraíochta amhail Márta 2013

**AN CHOMHAIRLE**

**Tomás Ó Ruairc,** *An Stiúrthóir*

**Brendan O'Dea,** *An Leas-Stiúrthóir*

- *Carmel Kearns* **Oifigeach Oideachais**
  - Oideachas
- *Harry McGeary* **Ceann Airgeadais, AD agus Seirbhísí Corparáideacha**
  - Airgeadas
  - Athnuachan Clárúchán
  - Seirbhísí Corparáideacha
- Cumarsáid
- Saoráil faisnéise
- Fianaise ar Charachtar/ Grinnfhiosrú an Gharda Síochána
- *Colm O'Leary* **Oifigeach Clárúcháin**
  - Clárú
  - TFC
- *Declan O'Leary* **Oifigeach Clárúcháin Cúnta**
  - Measúnú ar Cháilíochtaí



**Ceapadh an tríú Comhairle Mhúinteoireachta**

# Cuid 2

## Cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach

Leagtar amach i bPlean Straitéiseach 2012-2014 de chuid na Comhairle Múinteoireachta sé chuspóir straitéiseacha a bhfuil mar aidhm acu a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Chomhairle na freagrachtaí reachtúla atá uirthi faoin Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Rinne an Chomhairle dul chun cinn suntasach ó thaobh gach ceann de na sé chuspóir straitéiseacha sin a bhaint amach i rith na bliana tuairiscithe. Tá achoimre ar a ndearnadh ar fáil sa tábla seo a leanas:

**Tábla 1: Dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach**

| Cuspóir | Dul chun cinn a rinneadh le linn na bliana tuairiscithe |
|---|---|
| **1** Na hailt sin den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 nár cuireadh tús leo go fóill a chur chun feidhme láithreach. | Cuireadh tús le feidhm ailt 7(2)(f) agus (g) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 an 1 Meán Fómhair 2012 (ionduchtú agus promhadh).<br>Thug an tAire Oideachais agus Scileanna gealltanas go gcuirfí tús le feidhm Alt 30 den Acht i rith na chéad bhliana tuairiscithe eile.<br>Obair leanúnach ar siúl chun bheith réidh le haghaidh thosach feidhme Chuid 5 (Feidhmiúlacht chun Múineadh). |
| **2** Ard-chaighdeáin ghairmiúla a bhunú agus a chur chun cinn ag gach céim de ghairmréim an mhúinteora. | Foilsíodh an dara heagrán de *An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* agus scaipeadh é ar na múinteoirí cláraithe uile.<br>Cláir leathnaithe, athchoincheapaithe d'oideachas tosaigh múinteoirí á gcur i bhfeidhm go céimneach.<br>Bunaíodh sé phainéal athbhreithnithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar chláir d'oideachas tosaigh múinteoirí.<br>Glacadh treoirlínte athbhreithnithe maidir le socrúcháin scoile.<br>Glacadh beartas maidir le socrúchán feabhsaithe sa Ghaeltacht.<br>Cuireadh tús le comhairliúchán faoi shamhail phíolótach nua le haghaidh ionduchtúcháin agus promhaidh.<br>Creidiúnaíodh cláir d'oideachas tosaigh múinteoirí don earnáil bhreisoideachais.<br>Rinneadh comhairliúchán faoi riachtanais iontrála athbhreithnithe. |

| Cuspóir | Dul chun cinn a rinneadh le linn na bliana tuairiscithe |
|---|---|
| **3** Ról agus féiniúlacht na Comhairle Múinteoireachta mar chomhlacht rialála agus mar chomhlacht caighdeán gairmiúil ghairm na múinteoireachta a chur chun cinn. | Reáchtáladh léacht tionscnaimh do Lá Domhanda na Múinteoirí.<br>Cuireadh páipéir i láthair roinnt páirtithe leasmhara inar pléadh saincheisteanna cosúil le cáilíocht san oideachas a dhearbhú agus gairmí múinteoireachta na todhchaí.<br>Eisíodh preasráitis agus foilsíodh ailt.<br>Méadaíodh ar ghníomhaíochtaí cumarsáide ar líne.<br>Tugadh faisnéis d'ionadaithe poiblí faoi ról na Comhairle Múinteoireachta.<br>Reáchtáladh líon mór cruinnithe le páirtithe leasmhara. |
| **4** Treoir a thabhairt d'fhorbairt ghairm na múinteoireachta. | Cuireadh dréacht de chritéir agus nósanna imeachta nua le haghaidh ionduchtúcháin agus promhaidh ar fáil le haghaidh comhairliúcháin.<br>Ullmhúcháin chun tús a chur le Feidhmiúlacht chun Múineadh ag céim aibí.<br>Foilsíodh an dara heagrán de *An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí*. |
| **5** Díospóireacht náisiúnta a thionscnamh ar an bhféidearthacht an córas oideachais a athchoincheapú chun eispéireas feabhsaithe teagaisc agus foghlama a chur ar fáil inár scoileanna atá cuí don 21ú hAois. | Óstáladh Comhdháil d'Uachtaránacht AE maidir le Féiniúlacht Ghairmiúil na nOideoirí Múinteoirí.<br>Pléadh saincheisteanna a bhaineann le feabhas a chur ar an ngairm, teagasc agus foghlaim leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta.<br>Rinneadh láithreoireachtaí ag comhdhálacha de chuid páirtithe leasmhara.<br>Cuireadh ailt ar fáil d'fhoilseacháin de chuid páirtithe leasmhara agus do na meáin chumarsáide náisiúnta. |
| **6** Cumas na heagraíochta a fhorbairt d'fhonn cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. | Cuireadh tús le téarma an tríú Comhairle.<br>Ceapadh Stiúrthóir nua.<br>Cuireadh tús le córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF). |

*"... Rinne an Chomhairle dul chun cinn suntasach ó thaobh gach ceann de na sé chuspóir straitéiseacha sin a bhaint amach ..."*

# Cuid 3

## An ghairm a rialáil

Is ar an gComhairle Mhúinteoireachta atá an fhreagracht reachtúil as gairm na múinteoireachta a rialáil agus a chur chun cinn. Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta caighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn ar mhaithe le leas an phobail.

De réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, is iad seo a leanas príomhréimsí freagrachta na Comhairle i ndáil le clárú agus rialáil ghairm na múinteoireachta:

— an Clár Múinteoirí a bhunú agus a chothabháil
— caighdeáin iontrála an Chláir a shocrú
— iarratais chun a bheith curtha leis an gClár a mheasúnú
— an *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* a chur chun cinn agus
— fiosrúcháin a dhéanamh ar fheidhmiúlacht chun múineadh múinteora chláraithe.

### 3.1 An Clár a chothabháil

Tá sé de fhreagracht ar an gComhairle Múinteoireachta, de réir dlí, clár múinteoirí in Éirinn a bhunú agus a chothabháil. Nuair a chuirfear tús le feidhm Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 sa chéad bhliain tuairiscithe eile beidh sé de cheanglas ar gach múinteoir clárú chun bheith i dteideal a bheith íoctha as airgead an Stáit.

Tá an clárú ag croílár an obair a dhéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta chun caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn, mar úsáidtear é chun a chinntiú nach féidir ach le daoine a bhfuil cáilíochtaí múinteoireachta cuí acu dul isteach sa ghairm.

Baineann múinteoirí tairbhe as an gclárú chomh maith. Mar gheall ar an gclárú, tugtar aitheantas reachtúil dá stádas gairmiúil mar mhúinteoirí, aithnítear agus fíoraítear a gcuid oideachais agus cáilíochtaí, agus tugtar treoir ghairmiúil shoiléir dóibh trí mheán Cód Iompair Ghairmiúil. Cosnóidh sé an ghairm freisin mar bunófar sásra gearán foirmiúil nuair a chuirfear tús le feidhm Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 (Feidhmiúlacht chun Múineadh).

### 3.2 Staidreamh Clárúcháin

Is iad seo a leanas príomh-staidreamh clárúcháin na bliana tuairiscithe:

— bhí 73,147 múinteoir san iomlán cláraithe ag tús na bliana
— cuireadh 10,693 múinteoir leis an gClár (méadú 59.64% ar an mbliain seo caite), ba chéimithe nua iad 3,267 de na múinteoirí sin
— ní dhearna 2,214 múinteoir a gclárú a athnuachan
— d'iarr 828 múinteoir go mbainfí den Chlár iad (bhí an chuid is mó díobh sin ag éirí as an ngairm) agus

— bhí 80,798 múinteoir san iomlán cláraithe faoi dheireadh na bliana, arb ionannas dó méadú 10.5% ar an mbliain roimhe sin agus an líon is mó riamh de mhúinteoirí a bheith cláraithe.

### Tábla 2: Staidreamh clárúcháin do na blianta tuairiscithe 2010-2013

| Tuairisc | 2012/2013 | 2011/2012 | 2010/2011 |
|---|---|---|---|
| Cláraithe ag tús na bliana (28 Márta) | 73,147 | 70,510 | 68,313 |
| Céimithe nua | 3,267[1] | 3,269[2] | 3,426[3] |
| Daoine nua-chláraithe eile | 7,426 | 3,429 | 3,460 |
| Clárúcháin nár athnuadh | (2,214) | (2,678) | (3,376) |
| Bainte den chlár ar iarratas ón duine cláraithe | (828) | (1,383) | (1,313) |
| Cláraithe ag deireadh na bliana | 80,798 | 73,147 | 70,510 |

1 Rinneadh torthaí bliana deireanaí 3,680 múinteoir faoi oiliúint a aistriú ó IAOnna go dtí an Chomhairle sa bhliain 2012/2013. Chríochnaigh 3,267 de na múinteoirí faoi oiliúint sin an próiseas clárúcháin do chéimithe le linn na bliana tuairiscithe.

2 Rinneadh torthaí bliana deireanaí 3,554 múinteoir faoi oiliúint a aistriú ó IAOnna go dtí an Chomhairle sa bhliain 2011/2012. Chríochnaigh 3,269 de na múinteoirí faoi oiliúint sin an próiseas clárúcháin do chéimithe le linn na bliana tuairiscithe.

3 Rinneadh torthaí bliana deireanaí 3,767 múinteoir faoi oiliúint a aistriú ó IAOnna go dtí an Chomhairle sa bhliain 2010/2011. Chríochnaigh 3,426 de na múinteoirí faoi oiliúint sin an próiseas clárúcháin do chéimithe le linn na bliana tuairiscithe

*“Tá an clárú ag croílár an obair a dhéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta chun caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn… cuireadh 10,693 múinteoir leis an gClár i rith na bliana tuairiscithe.”*

### Tábla 3: Clárúcháin nua de réir na hearnála oideachais do na blianta tuairiscithe 2010-2013

| Earnáil Oideachais | Líon Múinteoirí 2012/2013 | Líon Múinteoirí 2011/2012 | Líon Múinteoirí 2010/2011 |
|---|---|---|---|
| Bunscoil (4 bliana – 12 bhliain) | 4,434 | 3,442 | 3,545 |
| Iar-bhunscoil (12 bhliain – 18 mbliana) | 4,411 | 2,683 | 2,575 |
| Iar-bhunscoil (earnáil CGO) | 871 | 382 | 365 |
| Breisoideachas (earnáil CGO amháin) | 1,166 | 507 | 416 |
| Montessori agus catagóirí eile | 155 | 136 | 119 |
| **Iomlán** | **11,037**[1] | **7,150**[2] | **7,020**[3] |

1 Tá difríocht idir líon iomlán na múinteoirí nua-chláraithe (10,693) agus líon iomlán na múinteoirí a cláraíodh de réir na hearnála oideachais (11,037) sa bhliain 2012/2013 toisc gur cláraíodh roinnt múinteoirí in níos mó ná earnáil amháin.

2 Tá difríocht idir líon iomlán na múinteoirí nua-chláraithe (6,698) agus líon iomlán na múinteoirí a cláraíodh de réir na hearnála oideachais (7,150) sa bhliain 2011/2012 toisc gur cláraíodh roinnt múinteoirí in níos mó ná earnáil amháin.

3 Tá difríocht idir líon iomlán na múinteoirí nua-chláraithe (6,886) agus líon iomlán na múinteoirí a cláraíodh de réir na hearnála oideachais (7,020) sa bhliain 2010/2011 toisc gur cláraíodh roinnt múinteoirí in níos mó ná earnáil amháin.

## 3.3 Alt 30

Ag deireadh na bliana tuairiscithe seo caite, bhíothas ag súil leis go dtabharfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, fógra uaidh go luath maidir leis an dáta sa bhliain 2013 a chuirfí tús le feidhm Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. (D'fhógair an tAire ina dhiaidh sin, ar an 2 Aibreán, go gcuirfear tús le feidhm Alt 30 an 1 Samhain 2013.)

Nuair a bheidh tús curtha le feidhm Alt 30, beidh ar gach múinteoir a shealbhóidh post múinteoireachta arna mhaoiniú ag an Stát i scoil aitheanta clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun a bheith íoctha as cistí an Stáit.

### 3.4 Duine a chur leis an gClár

Déantar gach iarratas ar chlárú a mheasúnú ar bhonn aonair, ag féachaint do *Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárúchán), 2009*. Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais Rialachán a hAon, agus riachtanais ceann amháin ar a laghad de na rialacháin eile a bhaineann le hearnáil mhúinteoireachta ar leith, de réir mar a leagtar amach i Rialacháin Chlárúcháin na Comhairle iad.

Rinne 3,267 múinteoir nua-cháilithe iarratas ar chlárú sa bhliain tuairiscithe 2012/2013. Is ionann sin agus laghdú an-bheag de bheirt ar an mbliain roimhe sin.

Cuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta próiseas clárúcháin tiomanta ar fáil gach bliain do chéimithe nua-cháilithe na gclár d'oideachas tosaigh múinteoirí atá creidiúnaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

I rith na bliana tuairiscithe seo, thug foireann na Comhairle 20 cuairt ar chláir chreidiúnaithe chun láithreoireacht a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint faoi ról na Comhairle agus faoin bpróiseas a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar chlárú.

I mí Eanáir 2013, sheol an Chomhairle físeán ar líne chun an fhaisnéis faoina bhfuil le déanamh chun clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta a sholáthar do mhúinteoirí faoi oiliúint.

### 3.5 Fianaise ar charachtar

Ní mór do na hiarratasóirí uile ar bhreá leo clárú mar mhúinteoirí riachtanais na Comhairle maidir le Fianaise ar Charachtar a chomhlíonadh. Chun sin a dhéanamh, ní mór dóibh:

1. Teistiméireacht ar charachtar ó dhuine atá cáilithe go cuí a chur ar fáil
2. Dul faoi phróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána, agus
3. I gcás iarratasóirí a chaith tréimhsí fada ina gcónaí thar lear, imréiteach ó na póilíní eachtracha a chur ar fáil.

Is í an Chomhairle a dhéanann socruithe chun grinnfhiosrú an Gharda Síochána a chomhordú i gcás múinteoirí nua atá le cur leis an gClár agus i gcás múinteoirí atá á gceapadh chun post múinteoireachta más rud é nach ndearnadh grinnfhiosrú orthu sa bhliain féilire sin nó sa bhliain féilire roimhe sin.

Déanann Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle measúnú ar an bhfianaise ar charachtar arna soláthar ag iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí leis an gComhairle. Is le haird ar threoirlínte na Comhairle (a nuashonraíodh sa bhliain 2012) a dhéanann an Painéal an fhianaise ón iarratasóir a mheasúnú.

> ***"Tugadh an próiseas a bhaineann le Fianaise ar Charachtar chun críche le haghaidh 14,248 iarratasóir i rith na bliana tuairiscithe. Is é sin an líon is airde riamh d'iarratais ar ghrinnfhiosrú a rinne an Chomhairle a phróiseáil."***

I gcás go gcinnfidh an Painéal nach cuí iarratasóir a chlárú ar bhonn na fianaise ar charachtar a cuireadh ar fáil, cuirfidh an Painéal a chinneadh, agus na cúiseanna leis, in iúl don iarratasóir, mar aon le heolas faoi na gníomhartha a d'fhéadfadh an t-iarratasóir a dhéanamh ag an bpointe sin. Féadfar achomharc i gcoinne cinntí den sórt sin ón bPainéal a dhéanamh chuig an nGrúpa um Athbhreithniú Clárúcháin (féach Aguisín 3 le haghaidh tuilleadh faisnéise ar obair Choistí agus Phainéil na Comhairle).

Tugadh an próiseas a bhaineann le Fianaise ar Charachtar chun críche le haghaidh 14,248 iarratasóir i rith na bliana tuairiscithe. Is é sin an líon is airde riamh d'iarratais ar ghrinnfhiosrú a rinne an Chomhairle a phróiseáil in aon bhliain amháin. I gcás 421 iarratasóir, tarchuireadh faisnéis i ndáil le ciontuithe agus ionchúisimh a fuarthas ó Aonad Grinnfhiosrúcháin Lárnach an Gharda Síochána chuig Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle lena breithniú. Agus úsáid á baint as na treoirlínte atá ceadaithe ag an gComhairle, bhreithnigh an Painéal a ábhartha agus a bhí ciontuithe den sórt sin d'oiriúnacht chun clárú an mhúinteora.

Dhiúltaigh an Painéal Fianaise ar Charachtar beirt iarratasóirí a chur leis an gClár le linn na bliana tuairiscithe. Rinne an bheirt iarratasóirí achomharc i gcoinne an chinnidh chuig an nGrúpa um Athbhreithniú Clárúcháin trí chóras inmheánach na Comhairle um athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí. Chuir an Grúpa Athbhreithnithe cinneadh an Phainéil ar neamhní sa chéad chás agus cuireadh an t-iarratasóir leis an gClár. Sa dara cás, sheas an Grúpa leis an gcinneadh gan an t-iarratasóir a chur leis an gClár.

Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí an próiseas grinnfhiosrúcháin tugtha chun críche ag 41,338 (48.8%) múinteoir atá ar an gClár.

### 3.6 An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, 2012

Achtaíodh an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, 2012 go déanach sa bhliain 2012. Nuair a chuirfidh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta tús le feidhm an Achta sin, beidh tionchar aige ar an gcaoi ina ndéanfar múinteoirí a ghrinnfhiosrú. Fágfaidh sé go mbeidh bonn reachtúil ag grinnfhiosrú an Gharda Síochána den chéad uair riamh. Bhí plé ar siúl ag deireadh na bliana tuairiscithe faoin mbealach is fearr chun an reachtaíocht nua a chur i bhfeidhm.

### 3.7 Clárú a athnuachan

Ní foláir do mhúinteoirí cláraithe a gclárú a athnuachan gach bliain chun fanacht ar an gClár Múinteoirí. Eisíodh fógraí athnuachana clárúcháin chuig 42,816 múinteoir i mí Feabhra 2013. Is ionann sin agus 58.5% de na múinteoirí uile atá ar an gClár. Seoladh na fógraí athnuachana clárúcháin eile amach

i rith na bliana de réir mar a baineadh amach spriocdhátaí athnuachana na múinteoirí eile.

Tugtar fógra do mhúinteoirí leis an bpost chun a mheabhrú dóibh gur gá dóibh a gclárú a athnuachan. Faigheann na múinteoirí a thug seoladh ríomhphoist don Chomhairle fógra ar ríomhphost freisin.

Chuir an Chomhairle tús le córas nua meabhrúcháin i rith na bliana tuairiscithe chomh maith, a fhágann go bhfaigheann múinteoirí téacsteachtaireacht freisin nuair atá sé in am dóibh a gclárú a athnuachan. Cuireadh faisnéis faoin tábhacht a bhaineann le clárú a athnuachan ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus i bhfoilseacháin arna bhfoilsiú ag páirtithe leasmhara. Bhunaigh an Chomhairle líne ghutháin thiomanta freisin chun fiosrúcháin faoi chlárú a athnuachan a fhreagairt.

D'úsáid níos mó ná 67% de mhúinteoirí (suas ó 56% sa bhliain roimhe sin) suíomh gréasáin na Comhairle chun a gclárú a athnuachan ar líne. Is modh costéifeachtach an modh seo agus laghdaíonn sé go mór ar mhéid na ndoiciméad a bhíonn i gceist don mhúinteoir agus don Chomhairle Mhúinteoireachta araon, rud a fhágann go mbíonn an córas riaracháin níos éifeachtúla.

### 3.8 Táille athnuachana clárúcháin

Ní mór do mhúinteoirí táille athnuachana bhliantúil a íoc chun a gclárú a athnuachan. Is comhlacht féinmhaoinithe é an Chomhairle agus, ar aon dul leis na samhlacha bailithe ioncaim a bhíonn in úsáid ag rialtóirí gairme eile, socraíodh an táille ag leibhéal a dhéanann cinnte go mbeidh na hacmhainní airgeadais ag an gComhairle atá de dhíth uirthi chun a feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.

Ó mhí Eanáir 2013 ar aghaidh, is é €65, seachas €90, táille athnuachana clárúcháin na Comhairle. Chinn an Chomhairle an táille a laghdú i bhfianaise an bharrachais atá carntha aici mar gheall ar an moill ar thús a chur le feidhm roinnt feidhmeanna reachtúla de chuid na Comhairle.

Is féidir faoiseamh cánach a fháil i ndáil leis an táille.

### 3.9 Rochtain ar fhaisnéis ar an gClár

Is doiciméad poiblí é an Clár Múinteoirí. Is féidir le baill den phobal, múinteoirí agus na húdaráis phárolla (an Roinn Oideachais agus Scileanna agus na Coistí Gairmoideachais) rochtain a fháil air. Is féidir leis an bpobal rochtain a fháil ar an gClár tríd an áis ar líne 'Cuardaigh an Clár'. Ar an meán, úsáideadh an áis sin 1,191 uair in aghaidh na seachtaine i rith na bliana tuairiscithe (cuir sin i gcomparáid le 907 uair in aghaidh na seachtaine ar an meán sa bhliain tuairiscithe roimhe sin).

*"Ní foláir do mhúinteoirí cláraithe a gclárú a athnuachan gach bliain chun fanacht ar an gClár Múinteoirí. D'úsáid níos mó ná 67% de mhúinteoirí suíomh gréasáin na Comhairle chun a gclárú a athnuachan ar líne."*

# Cuid 4

## Caighdeáin iompair agus chleachtais ghairmiúil a chothabháil

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta atá freagrach as cáilíocht na múinteoireachta in Éirinn a chothabháil agus a fheabhsú trí chaighdeáin arda i ngairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a chinntiú. Baintear an sprioc sin amach ar dhá bhealach éagsúla: trí Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí a fhoilsiú agus trí ghearáin a imscrúdú.

### 4.1 Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí

D'fhoilsigh an Chomhairle an dara heagrán den Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí le linn na bliana tuairiscithe. Tugann an Cód treoir do mhúinteoirí ar feadh na gairmréime chun cabhrú leo dea-chlú agus dínit ghairm na múinteoireachta a chur chun cinn, go háirithe i measc an phobail.

Leagtar amach sa Chód na caighdeáin a bhaineann le heolas gairmiúil, oilteacht, inniúlacht agus iompar a mbítear ag súil leo ó mhúinteoirí cláraithe, i réimsí cosúil le cumarsáid agus caidrimh, comhionannas agus cuimsiú, beartais náisiúnta agus scoile a chomhlíonadh, forbairt ghairmiúil agus leas mac léinn. Cuirtear bonn agus taca faoi na caighdeáin sin le ceithre chroíluach - meas, cúram, macántacht agus muinín - a léiríonn castacht agus ilchineálacht na múinteoireachta.

Is doiciméad reachtúil é an Cód agus úsáidfear mar phointe tagartha é nuair a bheidh fiosrúcháin á ndéanamh i ndáil le Feidhmiúlacht chun Múineadh múinteora.

Cuireadh an dara heagrán den Chód Iompair in ionad an chéad Chóid, a foilsíodh sa bhliain 2007. D'eascair sé as próiseas comhairliúcháin le múinteoirí agus le páirtithe eile a bhfuil leas acu san oideachas, agus tugtar aird ann ar roinnt forbairtí a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas, cosúil le teacht chun cinn teicneolaíochtaí nua agus na meán sóisialta.

Mar gheall ar stádas dlí an Chóid, seoladh cóip de chuig gach múinteoir cláraithe chun a chinntiú go mbeidh deis ag gach aon mhúinteoir an doiciméad a léamh.

## 4.2 Gearáin a Imscrúdú

Nuair a thiocfaidh Cuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 (Feidhmiúlacht chun Múineadh) i ngníomh, beidh údarás dlíthiúil ag an gComhairle gearáin a dhéantar faoi mhúinteoirí cláraithe a imscrúdú.

Nuair a dhéanfar gearán, cuirfidh an Chomhairle tús le himscrúdú agus déanfaidh sí cinneadh faoi cibé acu ar chóir nó nár chóir déileáil leis trí nósanna imeachta araíonachta foirmiúla na Comhairle. Tar éis éisteacht araíonachta, féadfaidh an Chomhairle coinníollacha a chur i bhfeidhm ar chlárú an mhúinteora, nó an múinteoir a chur ar fionraí ón gClár Múinteoirí nó a bhaint den chlár go hiomlán.

Táthar ag súil leis go gcuirfear tús le feidhm Chuid 5 tar éis thosach feidhme Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Le linn na bliana tuairiscithe, lean an Chomhairle uirthi ag ullmhú ábhar treorach do mhúinteoirí cláraithe agus do bhaill an phobail. Déanfar an t-ábhar sin a fhoilsiú nuair a chuirfear tús le feidhm Chuid 5.

D'fhreastail comhaltaí de chuid na gcoistí Imscrúdúcháin agus Araíonachta ar raon éisteachtaí maidir le Feidhmiúlacht chun Cleachtadh arna reáchtáil ag comhlachtaí rialála eile. Rinne na Coistí na dréacht-Rialacha Nós Imeachta do Phainéil Araíonachta a nuashonrú agus ullmhaíodh doiciméid nós imeachta eile chomh maith.




*An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí, 2012*

# Cuid 5

## Oideachas múinteoirí

Tá an riachtanas caighdeáin arda a chur chun cinn in oideachas múinteoirí mar bhunchloch obair na Comhairle Múinteoireachta.

Tá a lán feidhmeanna ag an gComhairle a bhaineann le hoideachas múinteoirí. Baineann na feidhmeanna sin le gach céim de ghairmréim an mhúinteora: dul isteach i gclár d'oideachas tosaigh múinteoirí; cláir den sórt sin a chreidiúnú; múinteoirí nua-cháilithe a ionduchtú sa ghairm; agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí ar feadh na gairmréime.

Is é aidhm na bhfeidhmeanna seo go léir a chinntiú go mbíonn an t-eolas, an oilteacht agus na hinniúlachtaí ag múinteoirí, ar feadh na gairmréime, a bhfuil gá leo chun a chinntiú go mbeidh an rath is mó is féidir ar na foghlaimeoirí lena bhfuil siad ag obair.

### 5.1 Oideachas tosaigh múinteoirí

San fhoilseachán *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí*, arna eisiúint ag an gComhairle Múinteoireachta, dúradh: "Caithfear oideachas tosaigh múinteoirí a athchoincheapú chun go mbeidh sé oiriúnach don fheidhm maidir le múinteoirí an 21ú haois a ullmhú agus chun go mbeidh sé ceangailte go cuí leis an gcéim ionduchtúcháin".

I bhfianaise an pholasaí sin, cuireadh tús le cur i bhfeidhm céimneach na gclár leathnaithe, athchoincheapaithe d'oideachas tosaigh múinteoirí i mí Mheán Fómhair 2012. Anois ní mór do chláir chomhthráthacha  a bheith ceithre bliana i bhfad ar a laghad (nó comhionann le 240 creidmheas ECTS), agus beidh cláir iarchéime d'oideachas múinteoirí dhá bhliain i bhfad (nó comhionann le 120 creidmheas ECTS) ón mbliain 2014 ar aghaidh.

Tá na cláir á leathnú chun bealaí nua chun machnamh a dhéanamh ar an múinteoireacht agus chun foghlaim fúithi a éascú. Mar gheall ar an tréimhse staidéir níos faide a bheidh i gceist, beifear in ann socrúcháin scoile níos faide a eagrú, béim níos mó a leagan ar obair phunainne, cleachtadh machnamhach agus foghlaim bunaithe ar thaighde/ar fhiosrúcháin a mhéadú, ranganna teagaisc agus obair i ngrúpaí beaga a éascú, agus béim mhéadaithe a leagan ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha, is iad sin litearthacht, uimhearthacht agus cuimsiú.

### 5.2 Caighdeáin iontrála

I rith na bliana tuairiscithe, d'eagraigh an Chomhairle próiseas comhairliúcháin i ndáil leis na caighdeáin íosta athbhreithnithe nach mór a chomhlíonadh chun dul isteach i gcláir d'oideachas tosaigh múinteoirí.

Bhí dhá phríomhshnáithe i gceist leis an gcomhairliúchán. Níor bhain snáithe amháin ach le riachtanais iontrála chun dul

isteach i gclár le haghaidh múinteoirí iar-bhunscoile. Mar chuid den snáithe sin, rinne an Chomhairle comhairliúchán fairsing ar na moltaí a bhí aici maidir leis na riachtanais ábhair curaclaim reatha nach mór a chomhlíonadh chun clárú mar mhúinteoir iar-bhunscoile a nuashonrú agus a leasú. Ghlac an Chomhairle moltaí deiridh i mí na Nollag 2012 a bhí bunaithe ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus ar chomhphlé leo.

Bhain an dara snáithe de chuid an phróisis comhairliúcháin le dul isteach i gcláir bhunscoile agus i gcláir chomhthráthacha iar-bhunscoile, le daoine bodhra nó lagéisteachta do dhul isteach i gclár agus le hiarratasóirí lánfhásta do dhul isteach i gcláir. Foilsíodh doiciméad comhairliúcháin inar leagadh amach na híosriachtanais iontrála athbhreithnithe a bhí beartaithe. Mar chuid den chomhairliúchán, eagraíodh sraith cruinnithe le páirtithe leasmhara i mí na Samhna 2012, mar aon le suirbhé ar líne. Tháinig an tréimhse chomhairliúcháin chun críche i mí Feabhra 2013 agus ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí an Chomhairle ag anailísiú an aiseolais a fuarthas.

Cuireadh comhairle faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna i mí Iúil 2013 ar bhonn an dá shnáithe comhairliúcháin thuasluaite.

### 5.3 Dul isteach san earnáil bhreisoideachais

Rinne an Chomhairle cúig chlár bhreise d'oideachas múinteoirí breisoideachais a athbhreithniú agus a chreidiúnú i rith na bliana tuairiscithe. Agus an tuarascáil seo á scríobh, tá deich gclár chreidiúnaithe liostaithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle, a athbhreithníodh ar bhonn an fhoilseacháin a d'eisigh an Chomhairle i mí an Mhárta 2011 – *'Further Education: General and Programme Requirements for the Accreditation of Teacher Education Qualifications'*.

Ón 1 Aibreán 2013 ar aghaidh, caithfidh cáilíocht chreidiúnaithe in oideachas múinteoirí a bheith ag múinteoirí atá ag iarraidh clárú faoi Rialachán 5 (Breisoideachas). D'aontaigh Coiste Clárúcháin na Comhairle, mar bheart sealadach, go gceadófaí d'iarratasóirí atá ag iarraidh clárú don earnáil bhreisoideachais an cháilíocht in oideachas múinteoirí a thabhairt chun críche laistigh de thrí bliana ó dháta an chéad chlárúcháin, mar gheall ar na deacrachtaí a bhain le clár creidiúnaithe d'oideachas múinteoirí a thabhairt chun críche roimh an 1 Aibreán 2013.

### 5.4 Athbhreithniú agus creidiúnú

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta cláir d'oideachas tosaigh múinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú chun a chinntiú go bhfuil siad ar an gcaighdeán ard atá cuí chun mic léinn a ullmhú chun dul isteach i ngairm na múinteoireachta.

De réir mar a leagadh amach in 5.1 thuas, tá cláir leathnaithe, athchoincheapaithe d'oideachas tosaigh múinteoirí á

> *"Tá an riachtanas caighdeáin arda a chur chun cinn in oideachas múinteoirí mar bhunchloch obair na Comhairle Múinteoireachta."*

gcur i bhfeidhm go céimneach faoi láthair agus bunaíodh próiseas sainoiriúnaithe chun na cláir athchoincheapaithe sin a athbhreithniú. Beidh na hathbhreithnithe sin bunaithe ar '*Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Cláir*' arna fhoilsiú ag an gComhairle, agus déanfar iad i gcomhthéacs *Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta* na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Baineann critéir na Comhairle le réimsí cosúil le dearadh na gclár, réimsí staidéir, fad na gclár, líon agus cáilíochtaí na foirne, áiseanna agus acmhainní.

Cuireadh tús leis na hathbhreithnithe i samhradh 2012 nuair a bunaíodh trí phainéal chun athbhreithniú a dhéanamh ar chláir chomhthráthacha bhunscoile agus iar-bhunscoile. Is iad an Dr Thomas Kellaghan, an tOllamh Sheelagh Drudy agus an tOllamh Áine Hyland, faoi seach, a bhí mar chathaoirligh na bpainéal sin. Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí athbhreithniú tugtha chun críche ag dhá phainéal agus dhaingnigh an Chomhairle na tuarascálacha uathu.

Tionóladh dhá chruinniú le Cathaoirligh agus Rapóirtéirí i mí na Nollag 2012 agus i mí an Mhárta 2013, faoi seach, chun an méid a foghlaimíodh le linn fheidhmiú an chéad trí phainéal athbhreithnithe a thaifeadadh. Ceapadh trí phainéal eile i mí Eanáir 2013 chun athbhreithniú a dhéanamh ar 15 chlár iar-bhunscoile (nó snáitheanna cláir). Bhí obair na bpainéal sin fós ar siúl ag deireadh na bliana tuairiscithe.

### 5.5 Socrúchán scoile

Lean meitheal a bhunaigh an Chomhairle sa bhliain tuairiscithe roimhe seo ar aghaidh ag bualadh le chéile le linn na bliana tuairiscithe seo chun treoirlínte maidir le socrúchán scoile a fhorbairt. Ghlac an Chomhairle na treoirlínte i mí na Nollag 2012 mar aguisín a ghabhann leis na *Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Cláir*.

Úsáidtear an téarma "socrúchán scoile" in ionad an téarma "cleachtadh múinteoireachta" anois, mar is téarma níos cruinne é i bhfianaise an raon gníomhaíochtaí teagaisc agus neamhtheagaisc a bhíonn i gceist le socrúchán.

Is é is cuspóir do na treoirlínte comhoibriú feabhsaithe idir institiúidí ardoideachais agus scoileanna a chothú d'fhonn feabhas a chur ar an eispéireas socrúcháin scoile do mhúinteoirí faoi oiliúint agus ar na torthaí foghlama a bhaintear amach.

Déantar gníomhaíochtaí a leagan amach sna treoirlínte, ar gníomhaíochtaí iad a thugann treoir faoi rang ainmnithe a mhúineadh agus ar cheart dóibh a bheith mar chuid den socrúchán. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin pleanáil don

teagasc, foghlaim agus measúnú, foghlaim a mheasúnú, measúnú don fhoghlaim, breathnú struchtúrtha ar chleachtadh sa seomra ranga, agus machnamh criticiúil ar chleachtadh, ar bhonn aonair agus le comhghleacaithe.

Féadfaidh tacaíocht foghlama agus múinteoireacht acmhainne, freastal ar chruinnithe foirne, teagmháil thacaithe a dhéanamh le tuismitheoirí agus páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil leanúnach scoilbhunaithe agus/nó pleanáil forbartha scoile a bheith i gceist leis an socrúchán chomh maith.

Bhí an Chomhairle ag déanamh socruithe chun na treoirlínte a scaipeadh faoi dheireadh na bliana tuairiscithe.

### 5.6 Socrúchán sa Ghaeltacht

Chun feabhas a chur ar eispéireas foghlama agus ar thorthaí foghlama múinteoirí faoi oiliúint, cheadaigh an Chomhairle sraith athruithe a bhaineann leis an socrúchán sa Ghaeltacht a dhéanann múinteoirí faoi oiliúint (ag leibhéal bunscoile).

Tá an socrúchán sa Ghaeltacht ríthábhachtach ó thaobh cabhrú le múinteoirí faoi oiliúint a scileanna Gaeilge a fhorbairt. Toisc gur croí-ábhar de chuid Churaclam Bunscoile na hÉireann í an Ghaeilge, tá an Chomhairle tiomanta do chaighdeán na Gaeilge i measc gairmithe múinteoireachta a fheabhsú agus a chothabháil. Tuigtear go forleathan gur gné lárnach de shealbhú teanga é a bheith tumtha inti, agus tugann an socrúchán deis uathúil do mhúinteoirí faoi oiliúint feabhas a chur ar a gcumas Gaeilge.

Áirítear ar na hathruithe ar an socrúchán sa Ghaeltacht:

- ainm nua don socrúchán sa Ghaeltacht – an *Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht*
- an tréimhse foghlama a fhadú go tréimhse ceithre seachtaine, a bheidh roinnte ina dá leath, agus gach leath coicís i bhfad
- comhoibriú níos mó idir Institiúidí ardoideachais agus coláistí Gaeltachta ó thaobh cúrsaí a dhearadh agus monatóireacht a dhéanamh ar thinreamh na mac léinn
- ábhar cúrsa a bheidh i gcoiteann ag na hinstitiúidí ardoideachais uile, a bheidh curtha in oiriúint do mhic léinn a bhfuil leibhéil éagsúla líofachta sa Ghaeilge acu, agus lena ndéanfar socruithe ar leith chun freastal ar riachtanais na gcainteoirí dúchais agus ardchumasacha
- measúnú ar fhoghlaim na múinteoirí faoi oiliúint le linn na *Tréimhse* a bheidh bunaithe ar thorthaí foghlama comhaontaithe
- cúrsaí a bheidh curtha ar fáil ag múinteoirí bunscoile, a mhéid agus is féidir agus
- dearbhú cáilíochta do na cúrsaí Gaeltachta.

*"... tá an Chomhairle tiomanta do chaighdeán na Gaeilge i measc gairmithe múinteoireachta a fheabhsú agus a chothabháil."*

## 5.7 Ionduchtú agus promhadh

Chuir an tAire Oideachais agus Scileanna tús le feidhmeanna reachtúla na Comhairle i ndáil le hionduchtú agus promhadh an 1 Meán Fómhair 2012. Ag deireadh na bliana tuairiscithe, bhí an Chomhairle i mbun comhairliúcháin le páirtithe leasmhara faoi shamhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh.

Tugtar aird sa mholadh sin ar an aiseolas a fuair an Chomhairle le linn an chomhairliúcháin ar ionduchtú agus promhadh a d'eagraigh an Chomhairle i rith na bliana tuairiscithe roimhe seo.

Ag croílár an mholta, tá tréimhse de chleachtadh gairmiúil dá ngairtear *Droichead*, ar lena linn a gcuireann comhghleacaithe de chuid na múinteoirí nua-cháilithe tacaíocht ar fáil dóibh agus fáilte rompu. Gné shuntasach eile de ná go bhfuil sé beartaithe samhail *Droichead* a thabhairt isteach ar bhonn píolótach ar dtús chun go mbeidh deis ag an gComhairle foghlaim ón ngairm cén bealach is fearr leis an bpróiseas a chur i bhfeidhm i scoileanna. Beidh sé de rogha ag scoileanna páirt a ghlacadh sa chlár píolótach nó gan a bheith páirteach ann.

Is é aidhm na Comhairle córas a bhunú a chloífidh leis na caighdeáin is airde, a thabharfaidh aghaidh ar riachtanais daltaí agus múinteoirí araon agus a bheidh réadúil i gcomhthéacs gnáthshaol laethúil scoileanna. Cabhróidh sé sin le rialáil faoi stiúir gairmithe a thabhairt isteach, a rachaidh chun tairbhe na gairme agus an phobail araon. Is céim mhór chun tosaigh é ó thaobh leanúntas in oideachas múinteoirí a fhorbairt in Éirinn freisin.

## 5.8 Taighde

Déanann an Chomhairle Mhúinteoireachta éascaíocht do thaighde sna réimsí de mhúinteoireacht, foghlaim agus measúnú. Sheol an Chomhairle a céad scéim sparánachtaí i mí na Bealtaine 2007. Seoladh trí scéim eile ina diaidh agus dámhadh 106 sparánacht taighde go dtí seo.

D'fhéadfadh an taighde seo feabhas a chur ar cháilíocht na múinteoireachta agus na foghlama in Éirinn. Tá daichead achoimre ar thaighde ar fáil ar www.teachingcouncil.ie anois.

“Tugann luachanna cosúil le rialáil faoi stiúir gairmithe, comhfhreagracht ghairmiúil agus cómhuinín ghairmiúil treoir don obair a dhéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta thar ceann ghairm na múinteoireachta agus ar mhaithe le leas an phobail.”



# Cuid 6

## Gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus cumarsáid

Glacann an Chomhairle Mhúinteoireacht páirt i ngníomhaíochtaí cumarsáide atá dírithe ar a róil agus a freagrachtaí a shainiú go soiléir agus a mhíniú do gach páirtí leasmhar, agus ar thacaíocht a fháil don obair a bhíonn idir lámha aici chun gairm na múinteoireachta a rialáil agus a chur chun cinn ar mhaithe leis an bpobal.

Thuig an Chomhairle go raibh dúshláin le sárú aici maidir le cumarsáid a dhéanamh le comhaltaí den ghairm agus, le linn na bliana tuairiscithe, rinne sí sár-iarracht aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

Is cuid ríthábhachtach d'obair chumarsáide na Comhairle Múinteoireachta gairm na múinteoireachta a chur chun cinn.

Déanann an Chomhairle an ghairm a chur chun cinn trí fhreastal ar chomhdhálacha, aontaí gairme agus seisiúin faisnéise do chomhairleoirí gairmthreorach. Chuir an Stiúrthóir roinnt páipéar i láthair a bhain le téamaí cosúil le hoideachas múinteoirí agus athchóiriú an churaclaim, agus dearbhú cáilíochta san oideachas. Is féidir teacht ar na páipéir sin ar www.teachingcouncil.ie. Foilsíonn an Chomhairle ailt chomh maith chun ócáidí ar leith a chomóradh (e.g., Lá Domhanda na Múinteoirí) agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar leith.

### 6.1 Caidreamh leis na Meáin

Tugann an Chomhairle Mhúinteoireachta freagra ar fhiosrúcháin ó na meáin agus déanann sí iarracht réamhghníomhach clúdach sna meáin a fháil chun feabhas a chur ar stádas ghairm na múinteoireachta agus chun feasacht agus tuiscint ar obair na Comhairle a mhéadú.

I rith na bliana tuairiscithe, d'eisigh an Chomhairle preasráitis agus chuir sí ailt ar fáil faoi raon ábhar, lena n-áirítear an Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí, ceadú na gclár d'oideachas tosaigh múinteoirí agus an laghdú atá tagtha ar líon na n-iarratas CAO ar chláir d'oideachas tosaigh múinteoirí.

### 6.2 Lá Domhanda na Múinteoirí

Is lá bliantúil EOECNA é Lá Domhanda na Múinteoirí ar a gceiliúrtar cion tairbhe múinteoirí d'oideachas foghlaimeoirí. Ceiliúrtar Lá Domhanda na Múinteoirí an 5 Deireadh Fómhair gach bliain agus sa bhliain 2012, reáchtáil an Chomhairle Mhúinteoireachta a léacht tionscnaimh chun Lá Domhanda na Múinteoirí a chomóradh.

Ba í an Dr Anne Looney, príomhfheidhmeannach na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a thug léacht tionscnaimh na Comhairle Múinteoireachta do Lá Domhanda

*Múinteoirí ag freastal ar an léacht do Lá Domhanda na Múinteoirí, 5 Deireadh Fómhair 2012*





na Múinteoirí. Tugadh aghaidh i léacht an Dr Looney ar 'The new professional and innovation in teaching'. D'fhreastail múinteoirí cláraithe agus ionadaithe do chomhpháirtithe oideachais ar an léacht, agus cuireadh beochraoladh di ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Is féidir féachaint ar thaifead den chraoladh sin ar www.teachingcouncil.ie.

Scríobh Stiúrthóir na Comhairle alt don *Irish Independent* roimh Lá Domhanda na Múinteoirí. Míníodh san alt a thábhachtaí is atá sé a chinntiú go mbeidh an mhúinteoireacht ina gairm mhealltach i gcónaí, d'ainneoin cúinsí deacra eacnamaíochta.

Faoi dheireadh na bliana tuairiscithe, bhí tús curtha le pleanáil do Lá Domhanda na Múinteoirí, 2013 , nuair bheidh an Chomhairle ina hóstach ar FÉILTE — an Fhéile Oideachais um Barrfheabhas Foghlama agus Teagaisc.

### 6.3 Comhdháil d'Uachtaránacht AE

Bhí an Chomhairle Mhúinteoireachta ina hóstach ar chomhdháil d'Uachtaránacht AE dar teideal 'Comhtháthú, Nuáil agus Feabhsúchán – Féiniúlacht Ghairmiúil na nOideoirí Múinteoirí', an 18 agus an 19 Feabhra 2013. Is é Coimisiún AE a mhaoinigh an chomhdháil seo mar chuid d'Uachtaránacht AE na hÉireann.

Tuigtear i mBallstáit AE agus i gCoimisiún AE go gcuireann oideoirí múinteoirí ardcháilíochta go mór le cáilíocht tríd is tríd na gcóras oideachais. Tugtar le fios chomh maith i dtaighde acadúil agus in obair phiarfhoghlama gur chóir a bheith níos soiléire faoi na beartais a chuireann bonn faoi roghnú, ionduchtú agus forbairt ghairmiúil bhreise na n-oideoirí múinteoirí.

Is iad an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, TD, Aire Oideachais Thuaisceart Éireann, John O'Dowd, CTR, agus Leas-Ardstiúrthóir Oideachais agus Cultúir an Choimisiúin Eorpaigh, Xavier Prats-Monné, a d'oscail an chomhdháil a bhí ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail daoine a bhfuil baint acu le hoideachas múinteoirí ar fud AE ar an gcomhdháil.

### 6.4 Cuairteanna ar institiúidí ardoideachais agus comhdhálacha múinteoirí

Le linn na bliana tuairiscithe, thug an Chomhairle Mhúinteoireachta cuairt ar mhic léinn oideachais a bhí sa bhliain dheireanach staidéir i ngach institiúid ardoideachais ar fud na tíre. I rith na gcuairteanna sin, mhínigh an Chomhairle an bhaint atá ag ról na Comhairle le gairmréim an mhúinteora agus an próiseas atá i gceist le clárú.

I mí Aibreáin 2012, bhí seastán faisnéise ag an gComhairle Mhúinteoireachta ag comhdhálacha INTO, ASTI agus TUI,

agus thug baill foirne na Comhairle faisnéis do thoscairí agus d'fhreagair siad a gcuid ceisteanna.

### 6.5 Daoine Teagmhála de chuid na Comhairle Múinteoireachta

Tugann an Chomhairle cuireadh do mhúinteoirí cláraithe a bheith mar dhaoine teagmhála a éascaíonn teagmháil idir an Chomhairle agus múinteoirí ina scoileanna. Bíonn na Daoine Teagmhála i dteagmháil leis an gComhairle nuair atá comhairliúchán i ndáil le beartais ar siúl agus scaipeann siad foilseacháin agus ábhar faisnéise eile ar a gcuid comhghleacaithe. Teastaíonn ón gComhairle go mbeidh duine teagmhála ainmnithe i ngach scoil sa tír amach anseo.

### 6.6 Foilseacháin

D'éisigh an Chomhairle na doiciméid seo a leanas le linn na bliana tuairiscithe:

- I mí an Mheithimh 2012, d'fhoilsigh an Chomhairle an dara heagrán dá *Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí* ina leagtar amach na caighdeáin a bhaineann le heolas gairmiúil, oilteacht, inniúlacht agus iompar a mbítear ag súil leo ó mhúinteoirí cláraithe
- foilsíodh *Tuarascáil Bhliantúil, 2011/12* ón gComhairle Múinteoireachta ar líne i mí na Nollag 2012. Rinneadh cur síos inti ar an dul chun cinn suntasach a rinne an Chomhairle le linn na tréimhse sin agus í ag iarraidh a chinntiú go gcuirtear múinteoireacht den chaighdeán is airde ar fáil i scoileanna na hÉireann, agus
- i mí an Mhárta 2013 d'fhoilsigh an Chomhairle *Droichead* ina leagtar amach moltaí maidir le samhail nua ionduchtúcháin agus phromhaidh do mhúinteoirí nua-cháilithe.

### 6.7 Cumarsáid ar líne

Ar feadh na bliana tuairiscithe, bhí an Chomhairle dírithe ar fheabhas a chur ar an gcumarsáid a dhéanann sí ar líne.

D'oscail an Chomhairle cuntas Twitter (@teachingcouncil) i mí Mheán Fómhair 2012. Coinnítear súil ar an gcuntas sin gach lá agus úsáidtear é chun faisnéis ar obair na Comhairle a scaipeadh, chun freagra a thabhairt ar cheisteanna agus chun páirt a ghlacadh i gcomhráite i ndáil le ról na Comhairle. Ag deireadh na bliana tuairiscithe, sé mhí tar éis an cuntas a oscailt, bhí níos mó ná 1,000 duine ag leanúint na Comhairle ar Twitter.

Phostáil an Chomhairle dhá fhíseán ar a suíomh gréasáin i rith na bliana tuairiscithe chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán mór atá aitheanta aici maidir le teagmháil dhíreach a dhéanamh le gach múinteoir cláraithe agus gach múinteoir faoi oiliúint. Baineann an chéad cheann, a seoladh i mí na Samhna 2012, le

ról na Comhairle agus bhí sé bunaithe ar aiseolas a fuarthas ó mhúinteoirí faoin teagmháil a bhí acu leis an gComhairle. Seoladh an dara ceann i mí Eanáir 2013 agus tá an fhaisnéis uile ann faoi chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta a bhíonn ag teastáil ó mhúinteoirí faoi oiliúint.

Is uirlis chumarsáide thábhachtach, chostéifeachtach é suíomh gréasáin na Comhairle, www.teachingcouncil.ie. Thug níos mó ná 278,000 duine níos mó ná 440,000 cuairt ar an suíomh gréasáin i rith na bliana tuairiscithe.

Chuir an Chomhairle tús le tionscadal chun inneachar an tsuímh ghréasáin a iniúchadh le linn na bliana tuairiscithe.

### 6.8 Ríomhiris na Comhairle Múinteoireachta

I mí Mheán Fómhair 2012, d'fhoilsigh an Chomhairle an chéad ríomhiris (nuachtlitir leictreonach a scaiptear ar ríomhphost) dá cuid a bhí leagtha amach ar bhealach nua. Dearadh an ríomhiris chun go mbeadh sí éasca le léamh agus chun cur ar chumas na Comhairle nuacht faoina cuid oibre a sheoladh go díreach chuig múinteoirí cláraithe. Foilsíodh an dara heagrán den ríomhiris i mí na Nollag 2012.

### 6.9 Ríomhphoist faisnéise

Eisíonn an Chomhairle ríomhphoist faisnéise do mhúinteoirí cláraithe a thug seoladh ríomhphoist don Chomhairle de réir mar is cuí. Tá seoladh ríomhphoist thart ar 71,000 múinteoir cláraithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta (athraíonn an uimhir seo i bhfianaise, mar shampla, líon na gclárúchán, líon na seoltaí ríomhphoist bailí a chuirtear ar fáil, etc.). Sheol an Chomhairle roinnt ríomhphost chuig múinteoirí i rith na bliana tuairiscithe, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- i mí an Mhárta 2012, sheol an Chomhairle ríomhphost chuig Daoine Teagmhála de chuid na Comhairle Múinteoireachta i ndáil leis an laghdú beartaithe ar an táille athnuachana bhliantúil, ag iarraidh orthu aird a gcomhghleacaithe a tharraingt air
- i mí na Bealtaine 2012, seoladh ríomhphost chuig na Daoine Teagmhála go léir inar iarradh orthu a gcomhghleacaithe a chur san airdeall faoina thábhachtaí is atá sé a bheith cláraithe sula gcuirtear tús le feidhm Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001
- i mí Mheán Fómhair 2012, seoladh ríomhphost chuig na múinteoirí cláraithe go léir chun cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar léacht tionscnaimh na Comhairle do Lá Domhanda na Múinteoirí ar an 5 Deireadh Fómhair.

*"Tuigeann an Chomhairle Mhúinteoireachta a thábhachtaí is atá comhpháirtíochtaí san oideachas agus tá sí tiomanta do chaidrimh mhaithe, chomhoibríocha a bhunú agus a chothabháil leis na comhpháirtithe oideachais."*

### 6.10 Idirchaidreamh le comhpháirtithe oideachais

Tuigeann an Chomhairle Mhúinteoireachta a thábhachtaí is atá comhpháirtíochtaí san oideachas agus tá sí tiomanta do chaidrimh mhaithe, chomhoibríocha a bhunú agus a chothabháil leis na comhpháirtithe oideachais.

D'fhreastail comhaltaí agus baill foirne de chuid na Comhairle ar roinnt comhdhálacha, seimineár agus cruinnithe i rith na bliana tuairiscithe chun an obair sin a chur chun cinn.

### 6.11 Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí

Tá an Chomhairle faoi réir cheanglais an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, an Achta um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003, an Achta um Chosaint Sonraí, 1988 agus an Achta um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003.

Fuarthas trí iarratas saorála faisnéise sa bhliain tuairiscithe.

### 6.12 An Ghaeilge

Déanann an Chomhairle socruithe ar leith chun seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge. Tá an obair sin faoi threoir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tá an Chomhairle tiomanta do chinntiú go dtabharfaidh cainteoir líofa Gaeilge freagra i nGaeilge ar gach píosa cumarsáide a fhaightear sa Ghaeilge, ar ríomhphost, sa phost nó ar ghuthán.

### 6.13 Seirbhís do chustaiméirí

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil ar bhonn leanúnach. I rith na bliana tuairiscithe, rinne Meitheal na Comhairle um Sheirbhís do Chustaiméirí *Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí agus Nósanna Imeachta Aiseolais agus Gearán* a dhréachtú. Téann a bhfuil sa Chairt agus sna Nósanna Imeachta sin leis na prionsabail a bhaineann le dea-sheirbhís do chustaiméirí agus leis na nósanna imeachta chun gearáin a dhéanamh a leagtar amach sa Treoir ón Ombudsman maidir le Riarachán Poiblí Maith.





*An Chomhdháil d'Uachtaránacht AE maidir le Féiniúlacht Ghairmiúil na nOideoirí Múinteoirí*













# Cuid 7

## Eagraíocht éifeachtúil éifeachtach a fhorbairt agus a chothabháil

Tá sé de fhreagracht ar an gComhairle eagraíocht éifeachtach, chostéifeachtach a rith, agus déanann sí monatóireacht agus forbairt leanúnach ar a próisis agus a córais chun a chinntiú go bhfuil siad éifeachtach agus go dtéann siad le dea-chleachtas i ndáil le rialachas corparáideach.

De réir mar a ghlacfaidh an Chomhairle le feidhmeanna breise, beidh sé níos tábhachtaí fós eagraíocht éifeachtúil, éifeachtach a chur ar fáil, agus beidh na tairbhí lena mbaineann níos soiléire chomh maith. I bhfianaise na n-éileamh breise a bheidh ar a cuid acmhainní amach anseo, shocraigh an Chomhairle go ndéanfaí an chaoi ina n-oibríonn sí a athbhreithniú chun a chinntiú go mbeidh an caidreamh idir an Chomhairle agus a Coistí a shruthlínithe agus is féidir.

### 7.1 Tús curtha le téarma an tríú Comhairle

Cheap an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, 37 gcomhalta chuig an tríú Comhairle Mhúinteoireachta ag searmanas i mBaile Átha Cliath an 28 Márta 2012.

(Féach Cuid 1.4 den tuarascáil seo chun faisnéis bhreise a fháil ar chomhaltas.)

### 7.2 An Stiúrthóir a cheapadh

I mí na Bealtaine 2012 d'fhógair an Chomhairle gur ceapadh an tUasal Tomás Ó Ruairc ina Stiúrthóir ar an gComhairle. Tháinig an tUasal Ó Ruairc go dtí an Chomhairle Mhúinteoireachta ó phost sinsearach sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Roimhe sin, bhí sé ag obair mar Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais le Foras na Gaeilge. Tá neart taithí aige i réimse an oideachais, mar d'fhóin sé mar bhall de chuid CNCM idir 2006 agus 2009, agus mar Cheann na Gaeilge agus Cathaoirleach na Comhairle Acadúla i gColáiste Oideachais Froebel idir 2000 agus 2005. Ba mhúinteoir i gColáiste Comhphobail Bhaile Átha Luain é agus tá ábhar siollabais agus teagaisc curtha ar fáil aige i ndáil le Gaeilge a mhúineadh do dhaoine fásta. Tá BA, MA agus Ard-Dioplóma san Oideachas aige.

### 7.3 Struchtúr na gcoistí

Bíonn obair na Comhairle tacaithe ag roinnt coistí, painéal, meithleacha agus grúpaí comhairleacha. Déantar cur síos ar fheidhmeanna, comhaltas agus taifead tinrimh gach ceann díobh sin in Aguisín 3.

**Tábla 4: Struchtúr Choistí na Comhairle Múinteoireachta**

| Tuairisc | Líon comhaltaí | Líon cruinnithe a tionóladh |
|---|---|---|
| An Coiste Feidhmiúcháin | 11 | 6 |
| An Coiste Imscrúdúcháin | 11 | 6 |
| An Coiste Araíonachta | 13 | 6 |
| An Coiste Clárúcháin | 13 | 7 |
| An Coiste Airgeadais | 7 | 5 |
| An Coiste Oideachais | 13 | 7 |
| An Coiste Iniúchóireachta | 5 | 3 |
| An Painéal Fianaise ar Charachtar | 7 | 9 |
| An Painéal um Iarratais Bhunleibhéil | 7 | 8 |
| An Painéal um Iarratais Iar-bhunleibhéil | 7 | 10 |

## 7.4 Rialachas corparáideach

Cloíonn an Chomhairle le dea-chleachtas i ndáil le rialachas corparáideach agus bíonn treoirlínte na Roinne Airgeadais um rialachas comhlachtaí Stáit á gcur i bhfeidhm aici.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta maoirseacht ar rialuithe airgeadais inmheánacha na Comhairle agus foilsíonn sé tuarascáil bhliantúil agus cuntais airgeadais iniúchta. D'fhorbair an Chomhairle próiseas measúnaithe agus bainistíochta riosca, Cód Iompair do chomhaltaí agus d'fhoireann na Comhairle, agus Cód Cleachtais do chomhaltaí na Comhairle, don Chathaoirleach, don Stiúrthóir agus don Rúnaí chomh maith.

Tá nósanna imeachta a bhaineann le leasanna a nochtadh agus ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí a chomhlíonadh san áireamh i socruithe rialachais chorparáidigh na Comhairle.

Bunaíodh Fochoiste um Nósanna Imeachta i rith na bliana tuairiscithe a bhíonn ag tuairisciú don Choiste Feidhmiúcháin. Bhí a chéad chruinniú aige i mí Mheán Fómhair 2012. Is ar bhonn tionscadail a bhíonn an fochoiste seo ag obair chun athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta na Comhairle d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad a éifeachtúla agus a éifeachtaí is féidir. I rith na bliana tuairiscithe, d'oibrigh sé ar na nithe seo a leanas i measc eile:

— nósanna imeachta chun daoine a thoghadh chun na Comhairle amach anseo agus
— beartas na Comhairle i roinnt réimsí, lena n-áirítear eitic agus coinbhleacht leasanna.

## 7.5 Acmhainní daonna

Ba é 37 bpost an leibhéal foirne ceadaithe amhail an 27 Márta 2013. Áirítear ar an uimhir sin na cúig phost bhuana bhreise a ceadaíodh i mí Feabhra 2013. Tá na baill foirne bhreise sin ag teastáil agus an Chomhairle á hullmhú féin chun tús a chur lena feidhmeanna nua. Mar thoradh ar an moratóir ar earcaíocht san earnáil phoiblí, bíonn an Chomhairle fós ag brath ar sheirbhísí ball foirne gníomhaireachta sealadach le linn tréimhsí an-ghnóthach. Rinne an Chomhairle cinneadh obair a bhíonn á déanamh ag oibrithe gníomhaireachta faoi láthair a sheachfhoinsiú. Beidh an réiteach seirbhísí bainistithe sin suite in oifigí na Comhairle i Maigh Nuad.

Chuaigh an Coiste Comhpháirtíochta Foirne i gcomhairle faoi roinnt saincheisteanna a bhain le seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú agus beartais foirne.

Cuireadh tús le córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF) don fhoireann i rith na bliana tuairiscithe. Cuirfidh sé sin feabhas ar chumarsáid inmheánach agus déanfaidh sé cinnte go mbeidh feidhmíocht gach duine ag dul le cuspóirí na heagraíochta.

## 7.6 Airgeadas

Ba é €4.57 milliún caiteachas na Comhairle do bhliain airgeadais 2012. Bhain na príomh-mhíreanna caiteachais le costais foirne, cíos ar áitribh, postas, foilseacháin agus costais TF.

Ba é €7.53 milliún an t-ioncam (glan ó cháin) don tréimhse, a bhain den chuid is mó le táillí clárúcháin agus táillí measúnaithe cáilíochta. Is é an chúis leis an mbarrachas an mhoill a bhí i gceist le tús a chur le feidhm roinnt alt den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus an caiteachas a bhainfeadh leo a bheith curtha siar dá réir. De réir mar a chuirfear tús leis na feidhmeanna nua sin, tiocfaidh méadú suntasach ar na costais a bhaineann le sainchúram reachtúil na Comhairle a chomhlíonadh. Úsáidfear an barrachas reatha chun na costais oibriúcháin bhreise sin a ghlanadh. Lena chois sin, déanfar cuid den ioncam barrachais sin a choinneáil siar chun dliteanais dhlíthiúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo a ghlanadh.

Déanfaidh cinneadh na Comhairle an táille athnuachana bhliantúil a laghdú ó €90 go €65 ón 1 Eanáir 2013 ioncam amach anseo na heagraíochta a laghdú faoi €2 mhilliún in aghaidh na bliana.

Tá Ráitis Airgeadais Iniúchta na Comhairle ar fáil in Aguisín 1.

## 7.7 Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Tá sé ríthábhachtach d'obair na Comhairle go mbeidh a córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) slán.

Bhí na freastalaithe ar a stóráiltear Clár na Comhairle ag obair go leanúnach ó 2005 go 2012. Cheannaigh an Chomhairle roinnt freastalaithe nua le linn na bliana tuairiscithe ar a gcoinneofar an Clár amach anseo. Is i dtimpeallacht fhíorúlaithe atá ceangailte le heagar stórála a bhíonn an Clár ag rith anois. Fágann an ailtireacht seo go mbeidh an córas níos iontaofa agus gur féidir feidhmeanna freastalaí a aistriú i gcás go dteipfidh ar chomhpháirt den fhreastalaí. Beartaítear an t-infreastruchtúr seo a úsáid go ceann ceithre nó cúig bliana.

Chuir an Chomhairle modúl breise leis an gcóras clárúcháin le linn na bliana tuairiscithe chun luas agus iontaofacht an phróisis clárúcháin a fheabhsú. Sular cuireadh an córas nua i bhfeidhm, bhí córais ar leithligh ag feidhmiú le linn an phróisis a bhain le hiarratas a dhéanamh. Mar gheall ar an modúl nua, is féidir iarratas a phróiseáil ar aon chóras amháin, agus déantar cinnte go mbeidh gach píosa cumarsáide agus gach fiosrú ar fáil ar an gcóras sin. Amach anseo, beidh iarratasóirí in ann a gcuid iarratas a rianú ar líne agus mionsonraí teagmhála a nuashonrú mar is cuí.

## 7.8 Sláinte agus sábháilteacht

Bhuail an Mheitheal Foirne Sláinte agus Sábháilteachta le chéile trí huaire le linn na bliana tuairiscithe agus fuair siad oiliúint chun bheith ina maoir dóiteáin. Ceannaíodh trealamh sábháilteachta, lena n-áirítear dífhibrileoirí i gcomhréir leis an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta a tiomsaíodh de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

# Aguisín 1

## Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

### Eolas faoin gComhairle

Cathaoirleach

Micheál Ó Gríofa (a ceapadh an 28 Márta 2012)

Lily Cronin (a chríochnaigh a téarma in oifig an 27 Márta 2012)

Leas-Chathaoirleach

Bernadine O' Sullivan (a ceapadh an 28 Márta 2012)

Gerry Malone (a chríochnaigh a théarma in oifig an 27 Márta 2012)

Comhaltaí na Comhairle ón 28 Márta 2012:

Michael Barry

Noel Buckley

Kieran Christie

An Dr Marie Clarke

Eimear Cole

John Conlon

Lily Cronin

Derbhile de Paor

Elaine Devlin

An Dr Ken Fennelly

Eileen Flynn

Michael Gillespie

An tOll. Michael Hayes

Marie Humphries

Declan Kelleher

Áine Lynch

Christopher Maginn

An Dr Deirdre Mathews

Brendan McCabe

Fergal McCarthy

Anne McElduff

An Dr Andrew McGrady

Marie McLoughlin

Patrick McVicar

Dympna Mulkerrins

Bríd Ní Raghallaigh

Diarmuid Ó Murchú

Kathleen O'Connor

An Dr Joe O'Hara

Eleanor Petrie

An Dr Seán Rowland

Bernie Ruane

Joan Russell

Frank Turpin

Milo Walsh

## Comhaltaí na Comhairle go dtí an 27 Márta 2012:

Michael Barry

Mary Brennan

Noel Buckley

Antoinette Buggle

Christy Carroll

Jerry Cronin

Elaine Devlin

Oliver Donohoe

Emer Egan

Ciarán Flynn

Eileen Flynn

An Dr Jim Gleeson

An tOll. Kathy Hall

Susie Hall

An Dr Pádraig Hogan

Micheál Kilcrann

Vivienne MacSweeney

Christopher Maginn

An Dr Kevin Marshall  Anita

McCann

Fergal McCarthy

Anne McElduff

Pat McQuaile

Dympna Mulkerrins

Alice O'Connell

Maree O'Connell

An Dr Anne O'Gara

Micheál Ó Gríofa

Tim O'Meara

Bernadine O'Sullivan

Eleanor Petrie

An Dr Seán Rowland

Seán Rowley

An Dr Pauric Travers

Milo Walsh

## Iniúchóirí

Anne Brady McQuillans DFK
Cuntasóirí Cairte & Iniúchóirí Cláraithe
Cúirt Uíbh Eachach
Bóthar Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

# Aguisín 1

## Eolas faoin gComhairle

| | |
|---|---|
| **Seoladh Gnó** | Bloc A<br>Campas Gnó Mhaigh Nuad<br>Maigh Nuad<br>Co. Chill Dara |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>An Phríomhshráid<br>Maigh Nuad<br>Co. Chill Dara |
| | Banc AIB plc<br>An Phríomhshráid<br>Maigh Nuad<br>Co. Chill Dara |
| **Aturnaetha** | McDowell Purcell Partnership<br>Aturnaetha<br>Foirgneamh Chéipil<br>Mainistir Mhuire,<br>Baile Átha Cliath 7 |
| | Arthur Cox<br>Aturnaetha<br>Ionad Phort an Iarla<br>Ardán an Iarla,<br>Baile Átha Cliath 2 |

## Clár Ábhar


| | Leathanach |
|---|---|
| Tuairisc na Comhairle | 44 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle | 46 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 47 |
| Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha | 48 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 50 |
| Clár Comhardaithe | 52 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim | 53 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 54 |

# Aguisín 1

## Tuairisc na Comhairle

Cuireann an Chomhairle, leis seo, a tuairisc i láthair, mar aon leis na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012. Bunaíodh An Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil an 28 Márta 2006 de réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

### Príomhghníomhaíocht agus athbhreithniú ar an ngnó

Is é príomhghníomhaíocht na Comhairle Múinteoireachta gairm na múinteoireachta a chur chun cinn ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn agus caighdeáin i ngairm na múinteoireachta a rialú.

Níor tháinig aon athrú suntasach ar na gníomhaíochtaí sin i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2012.

### Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí

Rinne an Chomhairle na rioscaí seo a leanas a mheas agus tá na bearta seo a leanas curtha i gcrích aici chun na rioscaí seo a bhainistiú i gcás na Comhairle Múinteoireachta:

*Riosca Calaoise*

Déantar an riosca a mhaolú trí dhualgais a bhaineann le hairgead a fháil agus le creidiúnaithe a íoc a choinneáil deighilte óna chéile. Tá próisis agus rialuithe curtha i bhfeidhm ag an gComhairle chun a dheimhniú go ndéantar seiceáil mhionsonrach ag gach céim, ionas gur féidir cruinneas agus bailíocht na n-idirbheart go léir a chinntiú.

*Eilimintí den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 nach bhfuil tús curtha lena bhfeidhm*

Níl tús curtha le feidhm roinnt alt de chuid an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go fóill, rud a chuireann srian le raon feidhme na Comhairle. Níor achtaíodh Alt 30 (Clárú Éigeantach), Cuid 5 (Feidhmiúlacht chun Múineadh), ná Alt 39 (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach) go fóill. Tá sé tugtha le fios ag an Aire Oideachais agus Scileanna go gcuirfear tús le hAlt 30 in 2013.

### Torthaí

Is é barrachas na bliana tar éis dímheas agus cánachas a chur san áireamh €3,308,655 (2011: €3,038,804). Is é an chúis leis an mbarrachas an mhoill a bhí i gceist le tús a chur le feidhm roinnt feidhmeanna de chuid na Comhairle agus an caiteachas a bhainfeadh leo a bheith curtha ar athló dá réir. A luaithe agus a chuirfear tús leis na feidhmeanna breise sin, tiocfaidh méadú suntasach ar chaiteachas na Comhairle. Úsáidfear an barrachas reatha chun na costais oibríochtúla bhreise sin a ghlanadh. Beidh tionchar nach beag ag an laghdú de €25 ar an táille

athnuachana clárúcháin bhliantúil ón 1 Eanáir 2013 ar ioncam sna blianta amach romhainn.

## Forbairtí sa todhchaí

Tá sé beartaithe ag an gComhairle leanúint ar aghaidh lena cuid gníomhaíochtaí reatha. Thug an tAire Oideachais agus Scileanna le fios go gcuirfear tús le feidhm Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 (clárú éigeantach) in 2013.

## Leabhair chuntais

De réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chuí chuntais a choimeád a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta. Tá an Chomhairle freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint, agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin. Déantar leabhair chuntais na Comhairle Múinteoireachta a chothabháil ag Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co Chill Dara.

## Iniúchóirí

Tá sé curtha in iúl ag na hIniúchóirí, Anne Brady McQuillans DFK, go bhfuil siad sásta leanúint in oifig.

## Imeachtaí i ndiaidh dháta an Chláir Chomhardaithe

Ní raibh aon imthosca ann ná níor tharla aon imeachtaí i ndiaidh dheireadh na bliana a fhágann gur gá na ráitis airgeadais nó na nótaí a ghabhann leo a choigeartú, nó ar gá iad a fhaisnéisiú sna ráitis nó sna nótaí sin.

Thar ceann na Comhairle

| | |
|---|---|
| **Micheál Ó Gríofa**<br>*Cathaoirleach* | **Tomás Ó Ruairc**<br>*Stiúrthóir* |

Dáta: 27 Bealtaine 2013

# Aguisín 1

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle i leith na Ráiteas Airgeadais

Is ar an gComhairle atá an fhreagracht as an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, lena n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

De réir dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 (2) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, ní mór don Chomhairle ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais ina ndéantar cur síos fíor cothrom ar staid ghnóthaí na heagraíochta don tréimhse sin.

Tá sé de dhualgas ar an gComhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta, stuama a dhéanamh
- na cuntais airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin dá mbeadh sé míchuí a thoimhdiú go leanfadh an eagraíocht leis an ngnó.

Dearbhaíonn an Chomhairle gur chloígh sí leis na riachtanais thuasluaite agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici.

Tá sé de fhreagracht ar an gComhairle leabhair chuí chuntais a choimeád a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn, tráth ar bith, cad í staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a cumas a dheimhniú go ndéantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn agus de réir Dhlí na hÉireann lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Tá an Chomhairle freagrach as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as bearta cuí a chur i bhfeidhm chun calaois nó mírialtacht eile a bhrath agus a sheachaint dá réir sin.

Tá an Chomhairle freagrach as an suíomh gréasáin a chothabháil agus a choinneáil slán. Féadfaidh reachtaíocht Phoblacht na hÉireann i ndáil le ráitis airgeadais a ullmhú agus a scaipeadh a bheith éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann na Comhairle

**Micheál Ó Gríofa**
*Cathaoirleach*

**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir*

Dáta: 27 Bealtaine 2013

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

1 Thar ceann na Comhairle Múinteoireachta, aithním an fhreagracht atá orainn as a dheimhniú go ndéantar córas éifeachtúil de rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm.

2 Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuil cosc á chur ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go dtiocfaí orthu in am trátha.

3 Chuir an Chomhairle na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm atá deartha chun a chinntiú go ndéanfaí rialú inmheánach airgeadais éifeachtach:

a. déantar cinnte go gcothaítear timpeallacht rialaithe chuí trí chúraimí bainistíochta a shainiú go soiléir, mar aon le nósanna imeachta chun teipeanna rialaithe a aithint agus chun freagairt dóibh

b. tá próiseas foirmiúil i bhfeidhm chun rioscaí gnó eagraíochtúla a aithint agus a mheas

c. úsáidtear córas cuimsitheach pleanála agus buiséadaithe agus déantar athbhreithniú míosúil ar threochtaí caiteachais

d. tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear treoracha airgeadais agus nótaí faoi nósanna imeachta, cleachtais tarmligin cosúil le huasteorainneacha údarúcháin arna gceadú ag an gComhairle agus dualgais a bhaineann le híocaíochtaí a phróiseáil a choinneáil deighilte ó dhualgais a bhaineann le híocaíochtaí a fhaomhadh

e. tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh airgeadais, lena n-áirítear feidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmíonn de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn don Choiste Iniúchóireachta.

4 Tugann obair fhoireann bainistíochta na Comhairle Múinteoireachta, ar a bhfuil an fhreagracht as an gcóras bainistíochta airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus an Choiste Iniúchóireachta agus na tuairimí a chuireann na hiniúchóirí seachtracha in iúl sa litir bhainistíochta agus sna tuairiscí uathu treoir don mhonatóireacht agus don athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar an gcóras de rialú inmheánach airgeadais.

5 Rinneadh athbhreithniú foirmiúil ar na rialuithe inmheánacha airgeadais sa bhliain 2012.

Thar ceann na Comhairle



**Micheál Ó Gríofa**
*Cathaoirleach*
Dáta: 27 Bealtaine 2013

# Aguisín 1

## Tuairisc na nIniúchóirí Neamhspleácha do Chomhaltaí na Comhairle Múinteoireachta

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais na Comhairle Múinteoireachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012, arb ionann iad agus an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim agus na nótaí a ghabhann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir na mbeartas cuntasaíochta lena mbaineann.

Cuirtear an tuairisc seo faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle, mar chomhlacht, de réir Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Gabhadh don obair iniúchóireachta le gur féidir na nithe is gá a lua do na comhaltaí a lua leo i dtuairisc an iniúchóra agus ní ar mhaithe le haon ní eile. A mhéid is mó a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid ná ní ghéillimid freagracht i leith aon duine seachas an eagraíocht agus comhaltaí na Comhairle mar chomhlacht, as an obair iniúchóireachta, as an tuairisc seo nó as an tuairim a thugaimid.

### Freagrachtaí ar leith na Comhairle agus na nIniúchóirí

Déantar freagrachtaí na Comhairle maidir le tuairisc agus ráitis airgeadais na Comhairle a ullmhú de réir dhlí infheidhme na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn) a leagan amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle.

Is é an dualgas atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas ábhartha dlíthiúil agus rialála agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire).

Tuairiscímid daoibh cibé acu an dtugtar nó nach dtugtar cur síos fíor cothrom, de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn sna ráitis airgeadais, agus cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh iad go cuí de réir Dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, inár dtuairim. Tuairiscímid freisin an tuairim atá againn faoi na nithe seo a leanas: ar choimeád an eagraíocht leabhair chuí chuntais; agus an bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuairisc na Comhairle ar aon dul leis na ráitis airgeadais. Luaimid chomh maith cibé acu an bhfuaireamar nó nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a raibh gá leo chun críche an iniúchta, agus cibé acu an dtagann nó nach dtagann ráitis airgeadais na heagraíochta leis na leabhair chuntais.

Déanaimid athbhreithniú chun a fháil amach an léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais go gcomhlíonann an Chomhairle an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscímid aon chás ábhartha nuair nach dtarlaíonn a leithéid, nó tuairiscímid é má tá an ráiteas míthreorach nó mura bhfuil sé i gcomhréir le faisnéis eile

atá ar eolas againn ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Ní gá dúinn a bhreithniú an gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais na rioscaí agus na rialuithe airgeadais uile, ná tuairim a thabhairt i dtaobh éifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialúcháin.

Léimid tuairisc na Comhairle agus déanaimid na himpleachtaí dár dtuairisc a bhreithniú má thugaimid aon mhíráiteas dealraitheach faoi deara inti.

## Bunús na Tuairime Iniúchóireachta

Rinneamar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchóireachta. Tá san áireamh san iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus an faisnéisiú a thuairiscítear sna ráitis airgeadais. Áirítear air, freisin, measúnú ar mheastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinne an Chomhairle agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus cibé acu an oireann nó nach n-oireann na beartais chuntasaíochta do chúinsí na heagraíochta, an gcuirtear nó nach gcuirtear i bhfeidhm go leanúnach iad agus an ndéantar nó nach ndéantar faisnéisiú orthu mar is cuí.

Phleanálamar agus rinneamar ár n-iniúchadh chun go bhfaighimis gach píosa faisnéise agus míniú a mheasamar a raibh gá leis chun fianaise dhóthanach a chur ar fáil dúinn d'fhonn dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó neamhrialtachta nó earráid eile. Agus muid ag teacht ar thuairim, rinneamar measúnú freisin ar dhóthanacht na slí inar cuireadh an fhaisnéis i láthair sna ráitis airgeadais tríd is tríd.

## Tuairim

Is é an tuairim atá againn i leith na ráiteas airgeadais:

- go dtugtar léargas fíor cothrom iontu, de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2012 agus ar a cuid torthaí don bhliain dar chríoch an lá sin; agus
- gur ullmhaíodh mar is cuí iad de réir cheanglais Dhlí na hÉireann, lena n-áirítear Alt 18 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

Fuaireamar gach faisnéis agus gach míniú a mheasamar a raibh gá leo chun an t-iniúchadh a dhéanamh. Is é an tuairim atá againn gur choimeád an eagraíocht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é an tuairim atá againn go dtagann an fhaisnéis a thugtar i dtuairisc na Comhairle leis na ráitis airgeadais.

**Natalie Kelly** (Iniúchóir Reachtúil) *le haghaidh agus thar ceann*
**Anne Brady McQuillans DFK**
**Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe**
**Cúirt Uíbh Eachach, Bóthar Fhearchair, BÁC 2**

Dáta: 27 Márta 2013

# Aguisín 1

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

| | Nótaí | 2012 € | 2011 € |
|---|---|---|---|
| **Income** | | | |
| Táillí Clárúcháin agus Measúnaithe | | 7,517,566 | 6,783,163 |
| Táillí Creidiúnúcháin | | 17,500 | 15,200 |
| Ioncam Eile | | 478 | 477 |
| **Ioncam Iomlán** | **2** | 7,535,544 | 6,798,840 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Chóiríochta | | (288,967) | (263,992) |
| Costais Foirne | | (2,162,318) | (1,953,259) |
| Costais Riaracháin Eile | | (1,088,331) | (856,165) |
| Costais Chúrsaí, Chomhdhálacha agus Chruinnithe | | (205,213) | (171,459) |
| Costais Chlárúcháin agus Fíorúcháin | | (195,079) | (182,883) |
| Costais Teicneolaíochta Faisnéise | | (119,821) | (132,184) |
| Costais Chumarsáide agus Oideachais | | (372,203) | (332,008) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | 175 | 3,700 |
| Dímheas | **7** | (141,932) | (124,249) |
| **Caiteachas Iomlán** | | (4,573,689) | (4,012,499) |
| Ús infhaighte agus ioncam dá samhail | | 495,563 | 336,743 |
| **Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí roimh chánachas** | **3** | 3,457,418 | 3,123,084 |
| Cánachas | **6** | (148,763) | (84,280) |
| **Barrachas ar ghnáth-ghníomhaíochtaí i ndiaidh cánachais** | | **3,308,655** | **3,038,804** |

Níl aon bharrachas ná easnamh aitheanta seachas an toradh do na tréimhsí airgeadais thuasluaite. D'eascair toradh na bliana go hiomlán as gnóthaí leantacha.

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 54 go 60.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 27 Márta 2013 agus síníodh iad thar a ceann ag:





**Micheál Ó Gríofa**
*Cathaoirleach*

**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir*

Dáta: 27 Bealtaine 2013

## Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

| | | 2012 | | 2011 | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | **7** | | 426,557 | | 380,969 |
| Infheistíochtaí | **8** | | 10,594 | | 10,594 |
| | | | 437,151 | | 391,563 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe | **9** | 69,198 | | 207,469 | |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | 14,451,964 | | 10,948,968 | |
| | | 14,521,162 | | 11,156,437 | |
| **Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain** | **10** | (189,450) | | (87,792) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | 14,331,712 | | 11,068,645 |
| **Iomlán na Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha** | | | 14,768,863 | | 11,460,208 |
| **Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Ainmnithe | **11** | | 4,000,000 | | 4,000,000 |
| Cúlchistí Ginearálta | **11** | | 10,768,863 | | 7,460,208 |
| **Iomlán na gCistí** | | | 14,768,863 | | 11,460,208 |

Is dlúthchuid de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 54 go 60.

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 27 Bealtaine 2013 agus síníodh iad thar a ceann ag:

**Micheál Ó Gríofa**
*Cathaoirleach*

**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir*

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012

| | Nótaí | 2012<br>€ | 2011<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Barrachas oibriúcháin a réiteach le glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas oibriúcháin (roimh ús faighte) | | 2,961,855 | 2,786,341 |
| Dímheas | | 141,932 | 124,249 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | (175) | (3,700) |
| Laghdú / (Méadú) ar fhéichiúnaithe | | 138,271 | (183,769) |
| Méadú / (Laghdú) ar chreidiúnaithe | | 101,658 | (34,089) |
| **Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 3,343,541 | 2,689,032 |
| **Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim** | | | |
| Glansreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 3,343,541 | 2,689,032 |
| Torthaí ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas | 13 | 495,563 | 336,743 |
| Cánachas | 13 | (148,763) | (84,124) |
| Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais | 13 | (187,346) | (79,084) |
| **Méadú ar airgead tirim sa bhliain** | | 3,502,996 | 2,862,567 |
| **Glansreabhadh airgid thirim a réiteach le gluaiseachtaí i nglanchistí (Nóta 14)** | | | |
| Méadú ar airgead tirim sa bhliain | | 3,502,996 | 2,862,567 |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir 2012 | | 10,948,968 | 8,086,401 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2012** | | 14,451,964 | 10,948,968 |

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 27 Bealtaine 2013 agus síníodh iad thar a ceann ag:

**Micheál Ó Gríofa**
*Cathaoirleach*

**Tomás Ó Ruairc**
*Stiúrthóir*

# Aguisín 1

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012

### 1. Beartais Chuntasaíochta

#### 1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus reacht na hÉireann. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú ina dtugtar léargas fíor cothrom, na caighdeáin a fhoilsíonn Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus a eisíonn Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta.

#### 1.2. Ioncam

Is ionann ioncam agus táillí clárúcháin agus measúnaithe a fhaightear i rith na bliana. Tugtar cuntas ar an ioncam/na táillí uile is infhaighte ar bhonn fáltas.

#### 1.3. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear na sócmhainní seasta inláimhsithe de réir a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha.

Déantar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe a dhímheas ar rátaí arna ríomh chun costas nó luacháil gach sócmhainne, lúide an luach iarmharach measta, a dhíscríobh go córasach ar feadh a saolré fónta ionchais, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Daingneáin agus Feistis | – | 10% de réir méid cothrom |
| Bogearraí Ríomhaire | – | 20% de réir méid cothrom |
| Trealamh Ríomhaire | – | 33.33% de réir méid cothrom |

Déantar luachanna anonn na sócmhainní seasta inláimhsithe a athbhreithniú gach bliain le haghaidh laghdaithe i dtréimhsí más rud é go dtugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhfuil seans ann nach mbeidh an luach anonn in-aisghabhála.

#### 1.4. Infheistíochtaí

Déantar infheistíochtaí sócmhainní seasta a lua mar chostas lúide foráil do laghduithe ar luach. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí sócmhainne seasta airgeadais, agus aon cháin shiarchoinneálach lena mbaineann, sa chuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain ina ngnóthaítear é.

#### 1.5. Pinsin

Déanann an Chomhairle scéim phinsin le sochar sainithe a fheidhmiú dá cuid fostaithe. Tá an scéim bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí agus d'fhaomh an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Airgeadais í. Déantar sochair phinsin is iníoctha faoin scéim a mhaoiniú as an Státchiste.

Ina theannta sin, tá roinnt saintréithe faoi leith ag socruithe na Comhairle:

- íocann an Chomhairle ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- tá eilimint fostaí san áireamh sa ranníocaíocht sin i dteannta na heiliminte fostóra. De réir pholasaí an rialtais faoi phinsin san earnáil phoiblí, is ionann ranníocaíocht an fhostóra agus 25% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta A agus 30% de phá comhlán fostaithe a íocann ÁSPC ag ráta D.
- thug an Roinn Oideachais agus Scileanna, le comhaontú na Roinne Airgeadais, gealltanas follasach go n-íocfar costas na sochar as an Státchiste de réir mar a bheidh siad dlite.

Measann an Chomhairle go bhfuil an tionchar airgeadais céanna ag na socruithe pinsin thuas ó thaobh na Comhairle de agus a bheadh ag scéim phinsin le ranníocaíocht shainithe. Tá an Comhairle den tuairim nach bhfuil forálacha FRS 17, Cuntasaíocht do Shochair Scoir, a bhíonn i gceist i gcás scéimeanna le sochair shainithe, feiliúnach dá cuid cúinsí. Dá réir sin, déantar a ranníocaíocht a chuntas amhail is dá mba scéim le ranníocaíocht shainithe í.

### 1.6. Cánachas

Bunaítear an costas bliantúil cánachais ar ioncam éighníomhach na bliana agus ríomhtar é ar bhonn an ráta cánach atá i bhfeidhm dáta an chláir chomhardaithe.

### 1.7. Cúlchistí Ainmnithe

Chinn an Chomhairle go bhféadfaidh sí, de réir mar is rogha léi féin, suimeanna airgid gan teorainn a chur ar leataobh i gcomhair cúiseanna ainmnithe sa todhchaí. I gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

## 2. Ioncam

D'eascair ioncam na heagraíochta don bhliain as a príomhghníomhaíocht ar tugadh fúithi go hiomlán in Éirinn.

## 3. Barrachas Oibriúcháin

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Luaitear barrachas oibriúcháin i ndiaidh na nithe seo a leanas a mhuirearú: | | |
| Dímheas | 141,932 | 124,249 |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | (175) | (3,700) |
| Luach saothair na n-iniúchóirí | 5,821 | 6,259 |

## 4. Fostaithe

| An Líon Fostaithe | 2012<br>Líon | 2011<br>Líon |
|---|---|---|
| Ba é meánlíon míosúil na bhfostaithe i rith na bliana: | | |
| Fostaithe | 30 | 27 |
| Fostaithe sealadacha | 0 | 5 |
| Foireann gníomhaireachta | 11 | 5 |
| | 41 | 37 |

| Costais Fostaíochta | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Pá agus tuarastail | 1,347,130 | 1,369,286 |
| Costais leasa shóisialaigh | 89,674 | 97,826 |
| Costais ghníomhaireachta | 403,266 | 163,516 |
| Costais eile foirne | 18,242 | 4,362 |
| Costais phinsean | 270,375 | 288,469 |
| Costais oiliúna foirne | 33,631 | 29,800 |
| | 2,162,318 | 1,953,259 |

## 5. Costais Phinsean

Is ionann an costas pinsean agus na ranníocaíochtaí is iníoctha leis an gciste pinsin ag an gComhairle.

## 6. Cánachas

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| Cánachas na bliana reatha | € | € |
| Cáin Ioncaim | 148,763 | 84,280 |

Níl an Chomhairle Mhúinteoireachta faoi dhliteanas cánachais i leith a cuid gníomhaíochtaí. Tá ioncam éighníomhach, más ann, (cosúil le hús ar thaiscí) inchánach fós.

## 7. Sócmhainní Seasta

| | Daingneáin & Feistis | Bogearraí Ríomhaire | Trealamh Ríomhaire | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2012 | 228,169 | 371,101 | 243,117 | 842,387 |
| Breiseanna | 6,708 | 50,257 | 130,932 | 187,897 |
| Diúscairtí | - | - | (2,814) | (2,812) |
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | 234,877 | 421,358 | 371,235 | 1,027,472 |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2012 | 73,984 | 191,351 | 196,083 | 461,418 |
| Ar dhiúscairtí | - | - | (2,437) | (2,437) |
| Muirear don bhliain | 23,303 | 75,135 | 43,494 | 141,932 |
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | 97,287 | 266,487 | 237,140 | 600,912 |
| **Glanluachanna leabhar** | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | 137,590 | 154,871 | 134,095 | 426,557 |
| Amhail an 31 Nollaig 2011 | 154,185 | 179,750 | 47,034 | 380,969 |

## 8. Infheistíochtaí

| | Infheistíochtaí Liostaithe | Iomlán |
|---|---|---|
| **Costas** | **€** | **€** |
| Amhail an 1 Eanáir 2012 | 10,594 | 10,594 |
| Fuascailt i rith na bliana | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | 10,594 | 10,594 |
| | | |
| **Glanluachanna leabhar** | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | 10,594 | 10,594 |
| Amhail an 31 Nollaig 2011 | 10,594 | 10,594 |

Is ionann na hinfheistíochtaí agus stoc agus bannaí éagsúla Rialtais, a bhfuil luach margaidh níos airde orthu ná mar a léirítear thuas.

## 9. Féichiúnaithe

| **Féichiúnaithe** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Féichiúnaithe eile | 69,198 | 207,469 |

## 10. Creidiúnaithe: Méideanna atá dlite laistigh de bhliain

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cánacha eile agus costais slándála sóisialaí | 35,083 | 18,139 |
| Fabhruithe | 154,367 | 69,653 |
| | 189,450 | 87,792 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| San áireamh sna cánacha eile agus sna costais slándála sóisialaí: | € | € |
| Cáin Ioncaim | 96 | - |
| ÍMAT / ÁSPC | 24,976 | 18,139 |
| PSWT | 10,011 | - |
| | 35,083 | 18,139 |

## 11. Cúlchistí

| | Cúlchiste ginearálta | Cúlchiste ainmnithe | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Cúlchistí Tosaigh** | 7,460,208 | 4,000,000 | 11,460,208 |
| Barrachas don bhliain | 3,308,655 | - | 3,308,655 |
| **Cúlchistí Deiridh** | 10,768,863 | 4,000,000 | 14,768,863 |

De réir straitéis airgeadais na Comhairle, bunaíodh na cúlchistí ainmnithe mar chiste teagmhais chun aon chostas mór a ghlanadh a d'fhéadfadh éirí as agóidí dlíthiúla a bheith tugtha in aghaidh aon chuid den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus as aon rialú de chuid na Comhairle. De réir bheartas cuntasaíochta na Comhairle, i gcás nach mbeidh gá a thuilleadh leis na cistí seo cuirfear ar ais sa Chúlchiste Ginearálta iad.

### 12. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

De réir an Achta um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, tá comhaltaí na Comhairle i dteideal aisíocaíocht a fháil i leith na gcostas a thabhaíonn siad de riachtanas agus iad i mbun obair na Comhairle nó i mbun obair Choistí na Comhairle. Ní mór do na comhaltaí, ar múinteoirí iad, a gclárú a athnuachan gach bliain chomh maith. Déantar na hidirbhearta uile ar neamhchomaoin agus tá siad san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

### 13. Ollsreafaí Airgid Thirim

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Torthaí ar infheistíochtaí agus Fónamh ar Airgeadas** | **€** | **€** |
| Ús faighte | 495,563 | 336,743 |
| **Cánachas** | | |
| Cáin ioncaim íoctha | (148,763) | (84,124) |
| **Caiteachas caipitiúil agus infheistíocht airgeadais** | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní inláimhsithe a fháil | (187,896) | (82,784) |
| Fáltais ó shócmhainní inláimhsithe a dhíol | 550 | 3,700 |
| | (187,346) | (79,084) |

### 14. Anailís ar Athruithe i nGlanchistí

| | Iarmhéid tosaigh | Sreafaí airgid thirim | Iarmhéid deiridh |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 10,948,968 | 3,502,996 | 14,451,964 |
| Glanchistí | 10,948,968 | 3,502,996 | 14,451,964 |

### 15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais an 27 Bealtaine 2013 agus síníodh iad thar a ceann ag:



*Cathaoirleach*



*Stiúrthóir*



# Aguisín 2

## Comhaltaí den Chomhairle Mhúinteoireachta amhail an 28 Márta 2013

Tá 37 gcomhalta dheonacha ar an gComhairle Mhúinteoireachta. Is é seo a leanas comhdhéanamh na Comhairle:

- 11 mhúinteoir bunscoile (naonúr atá tofa agus beirt atá ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- 11 mhúinteoir iar-bhunscoile (seachtar atá tofa agus ceathrar atá ainmnithe ag ceardchumainn na múinteoirí)
- beirt atá ainmnithe ag coláistí oideachais
- beirt atá ainmnithe ag comhlachtaí tríú leibhéal sonraithe
- ceathrar atá ainmnithe ag bainistíocht scoile (beirt ag leibhéal bunscoile agus beirt ag leibhéal iar-bhunscoile)
- beirt atá ainmnithe ag cumainn tuismitheoirí (duine amháin ag leibhéal bunscoile agus duine amháin ag leibhéal iar-bhunscoile)
- cúigear atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (lena n-áirítear duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do IBEC agus duine amháin chun ionadaíocht a dhéanamh do ICTU).

Cuireadh tús le téarma oifige na Comhairle an 28 Márta 2012. Bhuail an Chomhairle le chéile ocht n-uaire le linn na bliana tuairiscithe, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos.

| Comhalta | Earnáil | Tinreamh ag Cruinnithe |
|---|---|---|
| Michael Barry | ASTI | 7 |
| Noel Buckley | Iar-bhunleibhéal | 8 |
| Kieran Christie | Iar-bhunleibhéal | 8 |
| An Dr Marie Clarke | Aire (ICTU) | 5 |
| Eimear Cole | Bunleibhéal | 7 |
| John Conlon | Bunleibhéal | 7 |
| Lily Cronin | Iar-bhunleibhéal | 8 |
| Derbhile de Paor | Bunleibhéal | 7 |
| Elaine Devlin | ASTI | 7 |
| An Dr Ken Fennelly | Bainistíocht Scoile (Bunleibhéal) | 5 |
| Eileen Flynn | Bainistíocht Scoile (Bunleibhéal) | 6 |
| Michael Gillespie | TUI | 8 |
| An tOll. Michael Hayes | Coláistí Oideachais | 6 |
| Marie Humphries | Iar-bhunleibhéal | 6 |
| Declan Kelleher | INTO | 8 |
| Áine Lynch | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunleibhéal) | 6 |

| Comhalta | Earnáil | Tinreamh ag Cruinnithe |
|---|---|---|
| Christopher Maginn | Iar-bhunleibhéal | 6 |
| An Dr Deirdre Mathews | Aire | 7 |
| Brendan McCabe | Aire | 8 |
| Fergal McCarthy | Iar-bhunleibhéal | 7 |
| Anne McElduff | INTO | 7 |
| An Dr Andrew McGrady | Ollscoileanna agus Coláistí Tríú Leibhéal Ainmnithe | 8 |
| Marie McLoughlin | Coláistí Oideachais | 7 |
| Patrick McVicar | Bainistíocht Scoile (Iar-Bhunleibhéal) | 8 |
| Dympna Mulkerrins | Bunleibhéal | 8 |
| Bríd Ní Raghallaigh | Bunleibhéal | 7 |
| Micheál Ó Gríofa (Cathaoirleach) | Bunleibhéal | 8 |
| Diarmuid Ó Murchú | Bunleibhéal | 8 |
| Kathleen O'Connor | Bunleibhéal | 8 |
| An Dr Joe O'Hara | Ollscoileanna agus Coláistí Tríú Leibhéal Ainmnithe | 3 |
| Bernadine O'Sullivan (Leas-Chathaoirleach) | Iar-bhunleibhéal | 8 |
| Eleanor Petrie | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iar-Bhunleibhéal) | 7 |
| An Dr Seán Rowland | Aire | 6 |
| Bernie Ruane | TUI | 8 |
| Joan Russell | Bainistíocht Scoile | 6 |
| Frank Turpin | Aire (IBEC) | 7 |
| Milo Walsh | Bunleibhéal | 8 |

# Aguisín 3

## Coistí, painéil, meithleacha agus grúpaí comhairleacha

Bhunaigh an Chomhairle roinnt coistí, painéal, meithleacha agus grúpaí comhairleacha chun cabhrú léi a cuid oibre a dhéanamh. Déantar cur síos thíos ar a bhfeidhmeanna, a gcomhaltas agus a dtaifid tinrimh le linn na bliana tuairiscithe.

An Coiste Feidhmiúcháin

Is é ról an Choiste Feidhmiúcháin feidhmiú éifeachtúil éifeachtach na Comhairle a éascú trí ghnó na Comhairle a stiúradh idir cruinnithe ginearálta. Is iad seo a leanas roinnt dá fheidhmeanna sonracha:

- sásra comhordúcháin a chur ar fáil chun déileáil le saincheisteanna uileghabhálacha, de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn
- gníomhú thar ceann na Comhairle nuair nach féidir cruinniú ginearálta de chuid na Comhairle a eagrú mar gheall ar shrianta ama nó imthosca eile
- orduithe eatramhacha a dhéanamh thar ceann na Comhairle i gcásanna práinneacha nuair nach féidir leis an gComhairle bualadh le chéile ar gearrfhógra
- moltaí a athbhreithniú agus a chur faoi bhráid na Comhairle i ndáil le bunú, comhaltas, téarmaí tagartha agus buanú coistí
- moltaí a athbhreithniú agus a chur faoi bhráid na Comhairle i ndáil lena straitéis chumarsáide agus
- tuairisciú don Chomhairle ar bhonn tráthrialta.

Bhí an 11 chomhalta seo a leanas ar an gCoiste Feidhmiúcháin amhail an 27 Márta 2013. Bhuail an Coiste le chéile sé huaire le linn na bliana tuairiscithe, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

| Comhalta | Tinreamh |
|---|---|
| Michael Barry | 5 |
| An tOll. Michael Hayes | 4 |
| An Dr Deirdre Mathews | 6 |
| Brendan McCabe | 5 |
| Fergal McCarthy | 6 |
| Anne McElduff | 5 |
| Micheál Ó Gríofa (Cathaoirleach) | 6 |
| Bernadine O'Sullivan (Leas-Chathaoirleach) | 6 |
| Bernie Ruane | 6 |
| Joan Russell | 6 |
| Milo Walsh | 6 |

## An Coiste Imscrúdúcháin

Nuair a chuirfear tús le feidhm Chuid 5 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, féadfaidh an Chomhairle nó duine ar bith iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdúcháin go ndéanfar feidhmiúlacht chun múineadh múinteora chláraithe a fhiosrú, i gcás go líomhnaítear na nithe seo a leanas:

— nár chomhlíon an múinteoir nó gur sháraigh an múinteoir an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, an tAcht Oideachais, 1998, an tAcht Oideachais (Leas), 2000 nó na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999 nó aon rialachán, riail nó ordú arna dhéanamh nó arna déanamh faoi na hAchtanna sin
— gur mí-iompar gairmiúil mar a mhínítear leis an Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 iompar an mhúinteora
— go bhfuil clárú an mhúinteora mícheart mar gheall ar dhearbhú bréagach nó calaoiseach nó mífhaisnéis, nó
— go bhfuil an múinteoir neamhfheidhmiúil chun múineadh de dheasca cúrsaí leighis.

Ní ghlacfaidh an Coiste páirt de ghnáth i ngnáth-chúrsaí conarthacha nó araíonachta ná ní éistfidh sé le gearáin ar cuí déileáil leo ag an leibhéal áitiúil. Tarchuirfidh an Coiste iarratas chuig an gCoiste Araíonachta i gcás ina measfar gur cuí déanamh amhlaidh.

Bhí an 11 chomhalta seo a leanas ar an gCoiste Imscrúdúcháin amhail an 27 Márta 2013. Bhuail an Coiste le chéile sé huaire le linn na bliana tuairiscithe (i gcomhpháirt leis an gCoiste Araíonachta), agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

| Comhalta | Tinreamh |
|---|---|
| Eimear Cole | 6 |
| Elaine Devlin | 4 |
| Brendan McCabe | 5 |
| Fergal McCarthy | 5 |
| Marie McLoughlin | 6 |
| Dympna Mulkerrins | 5 |
| Bríd Ní Raghallaigh | 5 |
| Bernadine O'Sullivan (Cathaoirleach) | 4 |
| Eleanor Petrie | 5 |
| Bernie Ruane | 5 |
| Joan Russell | 5 |

### An Coiste Araíonachta

Déanfaidh painéal ón gCoiste Araíonachta gearáin a dtarchuirfidh an Coiste Imscrúdúcháin chuige a éisteacht. Tionólfar an éisteacht sin de réir Alt 43 agus Sceideal 3 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus na rialacha agus na nósanna imeachta lena mbaineann a bhunaigh an Chomhairle. Ar bhonn na héisteachta, cinnfidh an painéal go bhfuil an múinteoir neamhfheidhmiúil chun múineadh nó déanfaidh sé an t-iarratas a dhíbhe. Tabharfaidh an painéal tuairisc don Choiste Araíonachta.

I gcás go gcinnfear go bhfuil múinteoir neamhfheidhmiúil chun múineadh, féadfaidh an Coiste a chinneadh an múinteoir a chur ar fionraí ón gClár nó a bhaint de nó coinníollacha a chur i bhfeidhm ar chlárú an mhúinteora.

Bhí na 13 chomhalta seo a leanas ar an gCoiste Araíonachta amhail an 27 Márta 2013. Bhuail an Coiste le chéile sé huaire le linn na bliana tuairiscithe (i gcomhpháirt leis an gCoiste Imscrúdúcháin), agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos freisin.

| Comhalta | Tinreamh |
|---|---|
| Marie Clarke | 4 |
| Lily Cronin | 5 |
| Derbhile de Paor | 5 |
| Eileen Flynn | 6 |
| Michael Gillespie | 6 |
| Marie Humphries | 5 |
| Declan Kelleher | 6 |
| Áine Lynch | 3 |
| Christopher Maginn | 5 |
| Patrick McVicar | 4 |
| Micheál Ó Gríofa (Cathaoirleach) | 6 |
| Frank Turpin | 4 |
| Milo Walsh | 6 |

### An Coiste Clárúcháin

Cuireann an Coiste Clárúcháin comhairle ar an gComhairle agus tugann sé moltaí di faoi na cúrsaí uile a bhaineann le múinteoirí a chlárú leis an gComhairle. Áirítear ar an obair sin comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh i ndáil leis na nithe seo a leanas:

— na rialacháin a rialaíonn clárú

- na próisis a úsáidtear chun na rialacháin sin a chur i bhfeidhm
- an próiseas a úsáidtear chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí ó phainéil
- comhdhéanamh agus téarmaí tagartha na bPainéal um Iarratais Bhunleibhéil agus Iar-bhunleibhéil agus an Phainéil Fianaise ar Charachtar
- measúnóirí a cheapadh chun cabhrú leis na Painéil um Iarratais agus leis an bpróiseas um Athbhreithniú a dhéanamh ar Chinntí
- comhairle a chur ar an gComhairle faoi chineál an deimhniúcháin a eiseofar
- critéir agus treoir i ndáil le cáilíochtaí a mheasúnú chun críocha clárúcháin agus
- saincheisteanna a bhaineann le Fianaise ar Charachtar agus promhadh.

Déanann an Coiste Clárúcháin athbhreithniú freisin, thar ceann na Comhairle, ar chinntí a dhéanann na Painéil um Iarratais Bhunleibhéil agus Iar-bhunleibhéil agus an Painéal Fianaise ar Charachtar faoi iarratais ar chlárú i gcás go n-iarrann an t-iarratasóir é. Déanann sé é sin i gcomhréir leis an bPróiseas um Athbhreithniú a dhéanamh ar Chinntí a ghlac an Chomhairle. Is féidir doiciméad faoin bpróiseas sin a íoslódáil ó www.teachingcouncil.ie.

Bhí na 13 chomhalta seo a leanas ar an gCoiste Clárúcháin amhail an 27 Márta 2013. Bhuail an Coiste le chéile seacht n-uaire le linn na bliana tuairiscithe, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

| Comhalta | Tinreamh |
|---|---|
| Michael Barry (Cathaoirleach) | 4 |
| Eimear Cole | 6 |
| Lily Cronin | 6 |
| An Dr Ken Fennelly | 2 |
| Marie Humphries | 6 |
| An Dr Deirdre Mathews | 5 |
| Fergal McCarthy | 5 |
| An Dr Andrew McGrady | 5 |
| Patrick McVicar | 5 |
| Dympna Mulkerrins | 6 |
| Diarmuid Ó Murchú | 5 |
| An Dr Joe O'Hara | 4 |
| An Dr Seán Rowland | 4 |

### An Coiste Airgeadais

Déanann an Coiste Airgeadais maoirseacht ar chúrsaí airgeadais na Comhairle, lena n-áirítear an buiséad bliantúil a ullmhú, monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas agus socruithe riaracháin ginearálta na Comhairle.

Áirítear ar a fheidhmeanna:

— athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais na Comhairle agus tuairisciú orthu
— an buiséad bliantúil a bhreithniú
— ioncam agus caiteachas iarbhír a athbhreithniú agus a chur i gcomparáid lena bhfuil sa bhuiséad ag eatraimh thráthrialta, shonraithe i rith thimthriall bliantúil an bhuiséid, agus a chinntiú go n-ullmhaítear buiséad nua más gá
— eisíoc airgid a mhaoirsiú
— moltaí faoi tháillí na Comhairle a athbhreithniú agus a dhéanamh
— teagmháil a dhéanamh leis na hiniúchóirí agus cuntais a ullmhú dóibh, agus tuairisciú don Chomhairle ar chúrsaí airgeadais na Comhairle.

Bhí an seachtar comhaltaí seo a leanas ar an gCoiste Airgeadais amhail an 27 Márta 2013. Bhuail an Coiste le chéile cúig huaire le linn na bliana tuairiscithe, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

| Comhalta | Tinreamh |
|---|---|
| John Conlon (comhthofa Nollaig 2012) | 1 |
| Michael Gillespie | 5 |
| An tOll. Michael Hayes (comhthofa Meán Fómhair 2012) | 1 |
| Christopher Maginn | 5 |
| Joan Russell | 4 |
| Frank Turpin | 3 |
| Milo Walsh (Cathaoirleach) | 5 |

### An Coiste Oideachais

Tá sé de fhreagracht ar an gcoiste seo aighneachtaí a dhréachtú agus moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle i ndáil le roinnt réimsí lena mbaineann obair na Comhairle, lena n-áirítear:

— na caighdeáin oideachais agus oiliúna nach mór dóibh a bheith bainte amach ag daoine a fhreastalaíonn ar chláir d'oideachas múinteoirí sa Stát, agus athbhreithniú agus creidiúnú na gclár sin
— athbhreithniú ar na caighdeáin eolais, oilteachta agus inniúlachta a bhfuil gá leo chun gabháil don mhúinteoireacht

- cúrsaí a bhaineann le comhaltaí nua a ionduchtú sa ghairm
- oideachas, oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí a chur chun cinn
- cláir um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a athbhreithniú agus a chreidiúnú
- cóid iompair ghairmiúil do mhúinteoirí a dhréachtú agus a athbhreithniú
- gairm na múinteoireachta a chur chun cinn i measc daoine a d'fhéadfaí a roghnú dul leis an ngairm agus
- beartas taighde na Comhairle.

Bhí na 13 chomhalta seo a leanas ar an gCoiste Oideachais amhail an 27 Márta 2013. Bhuail an Coiste le chéile seacht n-uaire le linn na bliana tuairiscithe, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

| Comhalta | Tinreamh |
|---|---|
| Noel Buckley | 7 |
| Kieran Christie | 6 |
| An Dr Marie Clarke | 5 |
| Derbhile de Paor | 7 |
| Michael Gillespie | 6 |
| Declan Kelleher | 7 |
| Fergal McCarthy (Cathaoirleach) | 7 |
| An Dr Andrew McGrady | 6 |
| Marie McLoughlin | 6 |
| Patrick McVicar | 5 |
| Kathleen O'Connor | 7 |
| An Dr Joe O'Hara | 5 |
| An Dr Seán Rowland | 6 |

### An Coiste Iniúchóireachta

Déanann an Coiste Iniúchóireachta monatóireacht ar chórais, rialuithe airgeadais agus nósanna imeachta na Comhairle chun a chinntiú go n-oibríonn siad ar bhealach ordúil, éifeachtúil.

Bhí an cúigear comhaltaí seo a leanas ar an gCoiste Iniúchóireachta amhail an 27 Márta 2013. Bhuail an Coiste le chéile trí huaire le linn na bliana tuairiscithe, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

| Comhalta | Tinreamh |
|---|---|
| John Conlon | 3 |
| Elaine Devlin | 3 |
| Marie Humphries | 3 |
| An Dr Deirdre Mathews | 1 |
| Joan Russell (Cathaoirleach) | 3 |

### An Fochoiste um Nósanna Imeachta

Tugann an Fochoiste um Nósanna Imeachta tuairisc don Choiste Feidhmiúcháin. Is ar bhonn tionscadail a bhíonn sé ag obair chun athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta na Comhairle. I rith na bliana, d'oibrigh sé ar na nithe seo a leanas i measc eile:

- nósanna imeachta chun daoine a thoghadh chun na Comhairle amach anseo agus
- beartas na Comhairle i roinnt réimsí, lena n-áirítear eitic agus coinbhleacht leasanna.

Bhí an seisear comhaltaí seo a leanas ar an bhFochoiste um Nósanna Imeachta amhail an 27 Márta 2013. Bhuail an Fochoiste le chéile cúig huaire le linn na bliana tuairiscithe, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

| Comhalta | Tinreamh |
|---|---|
| Declan Kelleher (Cathaoirleach) | 3 |
| Micheál Ó Gríofa | 4 |
| Frank Turpin | 3 |
| Bernie Ruane | 4 |
| Christy Maginn | 4 |
| Eleanor Petrie | 3 |

### An Painéal Fianaise ar Charachtar

Déanann Painéal Fianaise ar Charachtar na Comhairle measúnú ar an bhfianaise ar charachtar a sholáthraíonn iarratasóirí atá ag iarraidh clárú mar mhúinteoirí leis an gComhairle. Déanann sé an obair sin i gcomhréir le treoirlínte a d'fhaomh an Chomhairle.

I gcás go gcinnfidh an Painéal nach cuí iarratasóir a chlárú ar bhonn na fianaise ar charachtar a cuireadh ar fáil, cuirfidh an Painéal a chinneadh, agus na cúiseanna leis, in iúl don iarratasóir, mar aon le heolas faoi na gníomhartha a d'fhéadfadh an t-iarratasóir a dhéanamh ag an bpointe sin.

Bhí an seachtar comhaltaí seo a leanas ar an bPainéal Fianaise ar Charachtar amhail an 27 Márta 2013. Bhuail an Painéal le chéile naoi n-uaire le linn na bliana tuairiscithe, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

| Comhalta | Tinreamh |
|---|---|
| Elaine Devlin | 8 |
| Eileen Flynn | 6 |
| Michael Gillespie | 9 |
| Dympna Mulkerrins | 9 |
| Kathleen O'Connor | 8 |
| Eleanor Petrie (Cathaoirleach) | 8 |
| Joan Russell | 6 |

### An Painéal um Iarratais Bhunleibhéil

Déanann an painéal seo athbhreithniú ar mholtaí ón bhfoireann agus/nó ó mheasúnóirí seachtracha i ndáil le hoiriúnacht, chun críocha clárúcháin, cáilíochtaí iarratasóirí atá ag iarraidh clárú don earnáil bhunoideachais. Tugann sé tuairisc don Choiste Clárúcháin.

Bhí an seachtar comhaltaí seo a leanas ar an bPainéal um Iarratais Bhunleibhéil amhail an 27 Márta 2013. Bhuail an Painéal le chéile ocht n-uaire le linn na bliana tuairiscithe, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

| Comhaltaí | Tinreamh |
|---|---|
| An Dr Ken Fennelly (Cathaoirleach) | 7 |
| John Conlon | 7 |
| Bríd Ní Raghallaigh | 7 |
| Diarmuid Ó Murchú | 7 |
| Christy Maginn | 6 |
| Brendan McCabe | 8 |
| Marie McLoughlin | 6 |

### An Painéal um Iarratais Iar-Bhunleibhéil (lena n-áirítear Iarratais Bhreisoideachais)

Déanann an painéal seo athbhreithniú ar mholtaí ón bhfoireann agus/nó ó mheasúnóirí seachtracha i ndáil le hoiriúnacht, chun críocha clárúcháin, cáilíochtaí iarratasóirí atá ag iarraidh clárú don earnáil iar-bhunoideachais (lena n-áirítear breisoideachas). Tugann sé tuairisc don Choiste Clárúcháin.

Bhí an seachtar comhaltaí seo a leanas ar an bPainéal um Iarratais Iar-Bhunleibhéil amhail an 27 Márta 2013. Bhuail an Painéal le chéile deich n-uaire le linn na bliana tuairiscithe, agus taispeántar tinreamh gach comhalta anseo thíos:

| Comhaltaí | Tinreamh |
|---|---|
| Noel Buckley (Cathaoirleach) | 10 |
| Kieran Christie | 9 |
| Bernadine O'Sullivan | 7 |
| Bernie Ruane | 7 |
| Declan Kelleher | 10 |
| Patsy McVicar | 8 |
| An Dr Marie Clarke* | 5 |

* D'éirigh an Dr. Clarke as a ról ar an bPainéal i rith na bliana tuairiscithe, agus ní raibh sí i dteideal freastal ach ar chúig chruinniú



# Aguisín 4

## Costais chomhaltaí na Comhairle, 2012

Íoctar costais le comhaltaí na Comhairle i leith taistil ó áit chónaithe nó áit oibre an chomhalta go dtí cruinnithe a bhaineann leis an gComhairle. Tionóladh formhór na gcruinnithe sa bhliain 2012 i Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Ní íoctar táillí ar bith le comhaltaí na Comhairle seachas costais taistil agus chothaithe.

Leagtar amach sna táblaí thíos mionsonraí na gcostas taistil agus cothaithe a íocadh le comhaltaí na Comhairle le linn na bliana tuairiscithe. Ní mór a mhíniú go soiléir nach mbaineann líon na gcruinnithe a luaitear sa cholún deiridh ach le cruinnithe Comhairle agus coiste, agus go bhfuil seans ann gur fhreastail comhaltaí an Choiste ar chruinnithe eile thar ceann na Comhairle le linn na bliana tuairiscithe. Mar shampla, ghlac roinnt comhaltaí den Chomhairle páirt i bpainéil athbhreithnithe agus chreidiúnaithe nó rinne siad ionadaíocht don Chomhairle ag cruinnithe agus comhdhálacha seachtracha.

### Ón 1 Eanáir 2012 go dtí an 27 Márta 2012

Níor fhóin na comhaltaí seo a leanas ach ar an dara Comhairle. Tháinig téarma oifige na Comhairle sin chun deiridh i mí an Mhárta 2012.

| Comhalta den Chomhairle | Contae Cónaithe | € | Líon Iomlán Cruin-nithe |
|---|---|---|---|
| Mary Brennan | Loch Garman | 1,054.07 | 9 |
| Antoinette Buggle | Cill Dara | 88.40 | 1 |
| Christy Carroll | Tiobraid Árann | 3,660.34 | 20 |
| Jerry Cronin | Tiobraid Árann | 1,926.68 | 11 |
| Oliver Donohoe | Baile Átha Cliath | 603.70 | 20 |
| Emer Egan | Baile Átha Cliath | 0 | 11 |
| Ciarán Flynn | Baile Átha Cliath | 392.22 | 10 |
| An Dr Jim Gleeson | Luimneach | 16,665.00* | 12 |
| Susie Hall | Baile Átha Cliath | 1,315.52 | 22 |
| An tOll. Kathy Hall | Port Láirge | 1,521.05 | 7 |
| An Dr Pádraig Hogan | Cill Dara | 0 | 6 |
| Micheál Kilcrann | Baile Átha Cliath | 176.03 | 7 |
| Vivienne MacSweeney | Corcaigh | 3,418.89 | 10 |
| Gerry Malone | Lú | 2,747.24 | 18 |
| An Dr Kevin Marshall | Baile Átha Cliath | 0 | 1 |
| Anita McCann | Lú | 0 | 1 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Pat McQuaile | Lú | 121.18 | 2 |
| Maree O'Connell | Gaillimh | 1,531.31 | 8 |
| Alice O'Connell | Corcaigh | 1,170.48 | 3 |
| An Dr Anne O'Gara | Baile Átha Cliath | 241.01 | 6 |
| Tim O'Meara | Tiobraid Árann | 5,101.77 | 17 |
| Seán Rowley | Maigh Eo | 5,861.30 | 20 |
| An Dr Pauric Travers | Baile Átha Cliath | 231.55 | 7 |

* Baineann na costais a íocadh sa bhliain 2012 leis na cruinnithe uile ó mhí Eanáir 2010 go dtí mí an Mhárta 2012

### Ón 28 Márta 2012 go dtí an 31 Nollaig 2012

Chuir na comhaltaí seo a leanas tús lena dtéarma oifige ar an tríú Comhairle i mí an Mhárta 2012.

| Comhalta den Chomhairle | Contae Cónaithe | € | Líon Iomlán Cruin-nithe |
|---|---|---|---|
| Kieran Christie | Sligeach | 4,603.20 | 17 |
| An Dr Marie Clarke | Baile Átha Cliath | 654.23 | 13 |
| Eimear Cole | Baile Átha Cliath | 1,207.64 | 16 |
| John Conlon | Liatroim | 2,778.54 | 12 |
| Derbhile de Paor | Luimneach | 2,384.80 | 15 |
| An Dr Ken Fennelly | Baile Átha Cliath | 0 | 12 |
| Michael Gillespie | Uíbh Fhailí | 2,893.04 | 24 |
| An tOll. Michael Hayes | Luimneach | 1,345.97 | 9 |
| Marie Humphries | Baile Átha Cliath | 247.33 | 10 |
| Declan Kelleher | An Clár | 5,340.39 | 28 |
| Áine Lynch | Baile Átha Cliath | 0 | 8 |
| An Dr Deirdre Mathews | Baile Átha Cliath | 228.01 | 7 |
| Brendan McCabe | An Mhí | 1,690.53 | 21 |
| An Dr Andrew McGrady | Baile Átha Cliath | 669.41 | 14 |
| Marie McLoughlin | Baile Átha Cliath | 758.45 | 20 |
| Patsy McVicar | Dún na nGall | 8,011.53 | 28 |
| Bríd Ní Raghallaigh | Gaillimh | 0 | 16 |
| Diarmuid Ó Murchú | Luimneach | 3,287.85 | 17 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Kathleen O'Connor | Laois | 2,352.95 | 24 |
| An Dr Joe O'Hara | Baile Átha Cliath | 465.35 | 10 |
| Bernie Ruane | An Clár | 4,725.65 | 20 |
| Joan Russell | Corcaigh | 4,969.01 | 19 |
| Frank Turpin | Baile Átha Cliath | 546.50 | 14 |

### Ón 1 Eanáir 2012 go dtí an 31 Nollaig 2012

D'fhóin na comhaltaí seo a leanas ar an dara Comhairle go dtí mí an Mhárta 2012 agus lean siad orthu ar an tríú Comhairle ó mhí an Mhárta 2012 ar aghaidh.

| Comhalta den Chomhairle | Contae Cónaithe | € | Líon Iomlán Cruin-nithe |
|---|---|---|---|
| Michael Barry | Corcaigh | 6,891.06 | 24 |
| Noel Buckley | Tiobraid Árann | 7,061.28 | 32 |
| Lily Cronin | Ciarraí | 11,767.51 | 32 |
| Elaine Devlin | Lú | 2,288.15 | 26 |
| Eileen Flynn | Cill Dara | 300.35 | 3 |
| Christopher Maginn | Baile Átha Cliath | 1614.94 | 22 |
| Fergal McCarthy | Corcaigh | 10,885.32 | 39 |
| Anne McElduff | Baile Átha Cliath | 897.38 | 17 |
| Dympna Mulkerrins | Baile Átha Cliath | 2,734.88 | 42 |
| Micheál Ó Gríofa | Baile Átha Cliath | 2,001.55 | 62 |
| Bernadine O'Sullivan | Baile Átha Cliath | 729.98 | 29 |
| Eleanor Petrie | Baile Átha Cliath | 2,362.73 | 41 |
| An Dr Seán Rowland | Baile Átha Cliath | 36.46 | 1 |
| Milo Walsh | Port Láirge | 8,158.47 | 26 |

An Chomhairle
Mhúinteoireachta
The Teaching Council